


HEALTH AND SAFETY AUTHORITY











# Tuaraisc Bhliantúil 2004

# Beatha Shlán Shábhailte Oibre á baint amach - le chéile

# ÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHAILTEACHTA
## (AN tÚDARÁS NÁISIÚNTA DO SHÁBHÁILTEACHT AGUS SHLÁINTE CHEIRDE)

# TUARAISC BHLIANTÚIL 2004

*Beatha shlán shábháilte oibre á baint amach – le chéile*

Foilsithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, 10 Plás Uí Ógáin, Baile Átha Cliath 2, mí Bealtaine 2005.

©Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den bhfoilseachán seo a chóipeáil, a stóráil i gcóras infhaighte, nó a tharchur ar aon mhodh ná slí leictrónach, meicniúil, nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

TUARAISC BHLIANTÚIL 2004

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# Beatha Shlán Shábhailte Oibre á baint amach -le chéile

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# AN CLÁR


| | |
|---|---|
| TUAIRISC AN CHATHAOIRLIGH | 4 |
| RÉAMHRÁ AGUS ACHOIMIRE | 5 |
| ACHOIMIRE AR A BAINEADH AMACH I 2004 | 8 |
| SPRIOC 1: TEAGHMHÁIL GHNÍOMHACH LE AGUS TIONCHAR AR ÁR gCUSTAIMEIRÍ | 12 |
| SPRIOC 2: LUACH A BHEITH AGAINN AR EOLAS MAR ACMHAINN LÁRNACH SAN ÚDARAS, CHOMH MAITH LE DÍRIÚ AR NUÁLAÍOCHT AGUS CLEACHTAIS FHEABHSAITHE OIBRE | 14 |
| SPRIOC 3: AN CLEACHTAS IS FEARR A ÚSÁID SNA PRÓISIS CHIGIREACHTA, FHIOSRÚCHÁIN AGUS FHEIDMHIÚITHE | 20 |
| SPRIOC 4: MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR REACHTÚ SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA, CHUN É A DHÉANAMH IONSROICHTE AGUS ÁBHARACH, CHOMH MAITH LE LEAS AN PHOBAIL A CHOSAINT | 30 |
| SPRIOC 5: ÁR nDAOINE AGUS ÁR n-ACHMHAINNÍ A RIAR GO hÉIFEACHTACH, AGUS CUMAR SÁID AGUS OBAIR FHOIRNE INMHEÁNACH A FHEABHSÚ | 34 |
| TUAIRISC AIRGEADAIS AN CHATHAOIRLIGH | 38 |
| AGÚISÍN A: CIGIRACHT AGUS FEIDHMIÚ | 41 |
| AGÚISÍN B: RIALÚCHÁIN NUA A RINNEADH I 2004 | 44 |
| AGÚISÍN C: IMEACHTAÍ | 48 |
| AGÚISÍN D: COISTÍ COMHAIRLIGHEACHA AGUS GRÚPAÍ OIBRE | 59 |
| AGÚISÍN E: CAIRT EAGRAÍOCHTA | 61 |


Beatha *Shlán Shábhailte Oibre á baint amach -le chéile*

TUARAISC BHLIANTÚIL 2004

# TUAIRISC AN CHATHAOIRLIGH DO TONY KILLEEN TD, AIRE GHNÓTHAÍ SAOTHAIR



Is mór an pléisiúr dom a Aire, Tuairisc Bhliantúil an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta do 2004 a chur ós do chomhair. Ag tús na tuairisce seo don Bhord nua, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do Frank Fahy a chuaigh romham, agus a bhí sa chathaoir don Údarás don chuid is mó de 2004. Is mó an chreidiúint atá ag dul don Uasal Cuneen agus dá bhord as ucht ar bhain siad amach i 2004, agus as ucht an ardán láidir a chruthaigh siad chun spriocanna 2005 a bhaint amach freisin.

Thar cheann an Bhoird nua, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an Iar-Chathaoirleach agus leis na h-iar-bhaill bhoird uile as a gceannas, a ndílseacht agus a gcúnamh don Údarás agus do shláinte agus shábháilteacht san ionad oibre in Éirinn.

Tá athrú tar éis teacht ar ár ról agus ár misean leis na blianta. Ní hé an feidhmiú amháin an t-aon tosaíocht atá againn. Tá straitéis choisctheach fhorásach á forbairt ina bhfuil nuálaíocht i bpolasaíthe agus leasú struchtúrtha ag teastáil.

Is é an próiseas dúbailte nualaíochta agus leasúithe seo, maraon lenár gcumhachtaí láidre feidhmithe a chabhraigh linn  ráta na mbásanna a raibh baint acu leis an ionad oibre a laghdú 30% ar ráta na mbásanna i 2003. Ach cé gur sa treo ceart atá an claonadh ag dul, is tubaisteach an fhulaingt í don té a maraítear, nó a gortaítear, dá gclanna, dá bhfostóirí agus don ngeilleagar Éireannach – agus is do-ghlactha an rud é. Tá méadú suntasach ag teacht ar thrialacha ar díotáil.

Cuireann an bealach a bhfuil cuma an ionaid oibre ag athrú dúshláin agus seansanna ós comhair an Údaráis. Tá saineolas suntasach á fhorbairt againn i leith shláinte cheirde a chlúdaíonn ceisteanna mar bhulaíocht, laimhseáil láimhe, agus gortú athstraidhne. Fógróidh an tÚdarás a thuilleadh faoi seo i rith 2005.

I measc ár n-imeachtaí móra le linn 2004, bhí an tÚdarás ina óstach ar roinnt mhaith ócáidí a bhain le hÚachtáránacht an AE agus an gClár Deonach Cosanta (CDC), pairtnéireacht stairiúil idir na gníomhaireachtaí sláinte agus sabhaílteachta de chuid Mheirceá, Tuairsceart na hÉireann agus na tíre seo.

Leanamar ar aghaidh leis an gclár cuimsitheach cigireachta sna h-ionaid oibre, le feachtais ar leith dírithe ar na rannóga talamhaíochta agus tógála. Díríonn an tÚdarás ar laghdú sa mhéad a mharaítear agus a ghortaítear sna rannóga seo, le leas a bhaint amach as aontais agus páirtíochtaí straitéiseacha le daoine a bhfuil tionchar acu anseo. Ba thionscnamh suntasach i 2004, an cosc ar dheatach san ionad oibre, agus bhí ról ceannasach ag an Údarás sa phróiseas comhairle náisiúnta, ina fhorbairt agus i gcur i bhfeidhm an tionscnaimh Ionad Oibre Saor ó Deatach.

Chomh maith leis sin, thug an tÚdarás tacaíocht chuimsitheach agus treoir theicniúil do ullumhú an Bille um Shlábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre. Tiocfaidh an Bille seo i bhfeidhm i 2005, agus athróidh sé go deo limistéar sláinte agus sábháilteachta, agus cabhróidh sé linn ár sprioc .i. cultúr láidir na sábháilteachta san ionad oibre a bhaint amach, rud atá ar leas gach fostóra agus fostaíthe.

A Aire, thar cheann an Bhoird, ba mhaith liom ár mbuíochas a ghabháil díot as ucht do shíor-thacaíochta agus spreagadh. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil leis an bPríomh Fheidhmneach agus foireann an Údaráis as ucht a ndíograise agus a bproifisiúntachta agus iad ag saothrú chun sláinte agus sábháilteacht an ionaid oibre a fheabhsú.

Jim Lyons
Cathaoirleach

# RÉAMHRÁ AGUS ACHOIMIRE

Déanann an Tuairisc Bhliantúil seo don Aire Ghnóthaí Saothair, Tony Killeen TD, cur síos ar an gcaoi ar bhain an tÚdarás a chuid spriocanna amach, nó ar an gcaoi a cuireadh i gcrích gníomhachtaíochta ar leith a bhí leagtha amach i gClár Oibre an Údaráis 2004.

## CÉ MUID AGUS CÉARD A BHÍONN Á DHÉANAMH AGAINN

Is comhairle reachtuil náisiúnta é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta atá freagrach as an dlí ceirde maidir le sláinte agus sábhailteacht a chur i bhfeidhm, maraon le bac le timpistí oibre a spreagadh agus a chur chun cinn, eolas agus comhairle a chur ar fáil, agus taighde a dhéanamh. Is comhairle stát-urraithe é an tÚdarás a bunaíodh faoin Acht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre (1989), agus déantar tuairisciú do Tony Killeen TD, Aire Stáit ag an Roinn Fionntar Trádála agus Fostaíochta.

## AN BORD

Tá aon bhall déag ar Bhord an Údaráis, Cathaoirleach agus deichniúr eile a ainmníonn an tAire Ghnóthaí Soláthair  Ainmníonn an tAire baill atá curtha ar aghaidh ag eagraíochtaí fostóirí, fostaithe, agus grúpaí eile. Cinneann an Bord ar pholasaí an Údaráis. B'sheo a leanas ballraíocht an Bhoird ag deireadh 2004:

**CATHAOIRLEACH**


Sylvester Cronin


Jim Lyons


Peter McCabe
(Leas-Chathlaoirleach)


Fergus Whelan


Christina McEleney


Rosie Sheerin


Tony Briscoe


Louise O'Donnell


Martin Lynch


Pat Kearney


Yvonne O'Sullivan

# FOIREANN BHAINISTÍOCHTA

Stiúrann agus riarann an Príomh Oifigeach Feidhmeannach riarachán agus gnó an Údaráis. Is mar seo a leanas a bhí an fhoireann bhainistíochta ar an 31ú de mhí na Nollag 2004:

- **BORD**
  - **PRÍOMH OIFIGEACH FEIDHMEANNACH**<br>Tom Beegan
    - Príomh Fheidhmeannach Cúnta<br>Géilleadh san Ionad Oibre & Comhairle<br>Michael Henry
      - Bainisteoir Cláir<br>Feidhmiú Machaire
      - Bainisteoir Cláir<br>Feidhmiú Machaire
      - Bainisteoir Cláir<br>Sábháilteacht Cheimiceach
    - Príomh Fheidhmeannach Cúnta<br>Seirbhísí Coisctheacha<br>Mary Dorgan
      - Bainisteoir Cláir<br>Reachtaíocht
      - Bainisteoir Cláir<br>Taca Custaiméirí<br>Fiontar Caidreamh Poiblí (CP)
      - Bainisteoir Sláinte Cheirde
      - Bainisteoir Cumarsáide
    - Príomh Fheidhmeannach Cúnta<br>Seirbhísí Corpóráideacha<br>Martin O'Halloran
      - Ceann Airgeadais
      - Ceann Teirneolaíocht Eolais
      - Ceann A.D.

# FOIREANN

Tá 165 duine fostaithe ag an Údarás mar chigirí, saineolaithe profisiúnta nó tacaíocht chléireach. Tá thart ar 100 cigire ag an Údarás agus réimse leathan dualgas orthu, ina measc moltaí reachtacha a fhorbairt ag léibhéal an Aontais Eorpaigh agus an náisiúin, treoir a fhorbairt, idirchaidreamh a chur ar bun le chomhluchtaí ionadaithe, cigireacht, cur chun cinn, gníomhaíochtaí eolais agus treoracha, forbairt agus riar foirne, gearáin agus timpistí, agus ionchúiseamh na gciontóirí.

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# ÁR bhFÍS

Beatha shláintiúil oibre a baint amach – le chéile.

# ÁR bPRIONSABAIL

Is ar an mbealach seo a leanas a dhéanfaimid ár gcuid gnó agus ár gcuid idirfheidhmeanna:

- Bainfear leas as agus déanfar forbairt ar na cleachtais agus na nósanna is fearr chun caighdeáin aitheanta fheabhais agus cáilíochta a choimeád.
- Rachfar i gcomhairle lenár gcustaiméirí uile chun a riachtanais a aithint agus ár seirbhisí a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais úd.
- Deileáilfear go béasach, go hoscailte, go profisiúnta agus go macánta lenár gcustaiméirí.
- Gheobhaidh ár gcustaiméirí Cothrom na Féinne uainn i gcónaí.
- Beidh meas i gcónaí ar dhínit an duine san ionad oibre.
- Tabharfar tacaíocht do chumarsáid oscailte agus obair fhoirne, agus bainfear leas as riar feidhmnithe i dtimpeallacht fhreagrach dheimhneach oibre.
- Deá-shampla a léiriú i gcónaí trí choiníollacha maithe oibre a chur ar fáil dár mbaill fhoirne go léir.

# ÁR bPRÍOMH SPRIOCANNA

Seo iad na príomh spriocanna atá leagtha amach again chun ár bhfís a bhaint amach:

- Cumarsáid ghníomhach agus tionchar a bheith againn lenár gcustaiméirí.
- Meas a bheith againn ar acmhainn an eolais san eagraíocht.
- An cleachtais is fearr a úsáid in ár bpróisis chigearachta, fhiosrúcháin agus fheidhmithe.
- Monatóireacht agus ath-bhreithniú a dhéanamh ar reachtú sláinte agus sábháilteachta ionas go mbeidh sé i gcónaí ábhartha, gur féidir le daoine teacht air, agus go mbeidh leas an phobail á chosaint.
- Ar n-acmhainní agus ár ndaoine a riar go h-éifeachtach.

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# ACHOIMIRE AR A BAINEADH AMACH I 2004

D'éirigh leis an Údarás a chuid spriocanna móra a bhaint amach, thóg sé chuige alán tionscnamh agus chuir sé i gcrích iad. Chuir an tÚdarás i gcrích freisin ollchlár oibre a d'fhreastail ar réimse leathan custaiméirí, agus lean sé air ag infheistiú ina fhoireann, sna próisis inmheánacha agus sa struchtúr eagraithe chun déileáil go h-éifeachtach  leis na dúshláin atá fós le teacht.

Is é an cosc ar thobac a chaitheamh san ionad oibre ceann dena clochanna míle is suntasaí dár cuireadh i gcrích sa bhliain 2004. Bhí ról ceannasach ag an Údarás sa tionscnamh seo trí chabhrú sa phróiseas comhairle náisiúnta, agus a bheith i bpáirt leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Roinn na Sláinte agus Leanaí, agus An Oifig Smachta Thobac agus feidhmiú an tionscnaimh ar bun acu.

Bhí ról tábhachtach ag an Údarás freisin maidir le Uachtaránacht an AE. Bhain an tÚdaras leas as an Uachtaránacht le bheith ina óstach ag roinnt comhdhálacha idirnáisiúnta  faoi shláinte agus shábháilteacht cheirde, chomh maith le cruinnithe  Choiste na gCigirí Sinsearacha Saothair (CCSS), agus Cumann Idirnáisiúnta na gCigirí Saothair  (CICS). Le linn uachtaránacht na hÉireann, d'éirigh leis an Údarás dréacht treoraigh ar Radaíocht Radharcach a chur le chéile.

Chuir an tÚdarás ar fáil freisin, léibhéal suntasach anailíse agus comhairle proifisiúnta teicniúil don Roinn Fionntair Trádála agus Fostaíochta  ar ullmhú an Bhille um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre.

Le linn 2004, bhí ról ceannasach ag an Údarás freisin i bpáirtnéireacht stairiúil a thógáil idir na gníomhaireachtaí sláinte agus sábháilteachta Mheirceá, an Tuaiscirt, agus na hÉireann. Ceann de na mór-thorthaí air seo, ná, an Clár Deonach Cosanta (CDC) a bhunú, chun deá-chleachtas sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre a spreagadh. Seoladh an CDC i mí an Mheithimh 2004, agus tá na comhluchtaí liostáilte sa chlár ag feidhmniú le treoir agus ionchur leanúnach ón Údarás.

Chomh maith leis na acmhainní a bhíonn ag teastáil chun a thionscnaimh straitéiseacha a chur i bhfeidhm, agus a dhualgaisí reachtacha a chomhlíonadh, rinne an tÚdarás breis is 11,382 cigireachtaí ar réimse leathan ionad oibre i rith 2004. Lastigh den gclár iomlán cigireachta san ionad oibre, bhí feachtais ar leith ar siúl ag an Údarás sna rannóga talamhaíochta agus tógála, in éineacht leis na grúpaí a bhfuil suim acu ann, ina measc an Grúpa Comhairle Shábháilteacht Fheirme agus an Pháirtnéireacht Shábháilteacht Thógála. Tá na h-iarrachtaí comhcheangailte seo, agus an Straitéis Náisiúnta Choisc ag dul i bhfeidhm go mór ar mhuintir na tíre, agus feictear leibhéal méadaithe tuisceana maidir le sábháilteacht, agus brú thíos ar tháscairí gníomhaí náisiúnta sa tsábháilteacht agus sláinte dá bharr.

Mar chuid den treo le blianta beaga anuas, tá méadú sa líon trialacha ionchúisimh a chloistear ar díotáil. Mar thoradh suntasach air seo, gearradh fíneáil milliún euro, agus pianbhreith fionraithe priosúin do dhaoine i ndá chás.

Sa bhliain 2004, lean an tÚdarás air leis an straitéis athstruchtúrtha agus atheagruithe a chur i bhfeidhm, agus an-dul chun cinn le feiceáil i bhfeidhmeanna tábhachtacha. Cuireadh córas nua riar airgeadais i bhfeidhm, rud a chabhraíonn le tuairisciú airgeadais a dhéanamh agus smacht níos fearr airgeadais a choimeád, maraon le héifeacht fheabhsaithe trí íocaíochtaí agus próiseáil leictrónacha a úsáid. Ba mhaith iad na faisnéisí a bhí mar thoradh ar an síor-infheistiú agus forbairt i straitéis ICT an Údaráis, trí úsáid a bhaint as foirmeacha leictrónacha tuairiscithe timpiste, agus seoladh ghréasáin athdheartha an Údaráis, a chabhraíonn lenár gcustaiméirí dul i dteagmháil le agus idirfheidhmiú leis an Údarás.

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# TIONSCNAIMH SHAINIÚLA

**Feachtais dhírithe sna rannóga talamhaíochta agus tógála:** Fuair na feachtais dhírithe seo tacaíocht ó fheachtais fhógraíochta eile theilifíse agus iriseoireachta, chun tuiscint daoine sna rannóga Talamhaíochta agus Tógála a mhéadú. Ós rud é go raibh baint ag na Grúpaí Sábháilteachta Feirme agus Tógála leis na feachtais seo, ba mhór an éifeacht a bhí acu ar na daoine seo.

**Ionaid oibre saor ó deatach:** Cuireadh an tionscnamh maidir le h-ionaid oibre saor ó deatach i bhfeidhm go ráthúil i rith 2004. Bhí ról ceannasach ag an Údarás sa tionscnamh seo trí bheith ag déanamh éascaíochta don phróiseas comhairle náisiúnta, i bpáirtnéireacht leis an Roinn Fiontar, Tradála agus Fostaíochta (RFTF) agus an Roinn Sláinte agus Leanaí.

**An Clár Cosanta Deonach:** I rith 2004, bhí ról ceannasach ag an Údarás i bpáirtnéireacht stairiúil idir na gníomhairí sláinte agus sábháilteachta Mheirceá, an Tuaiscirt, agus na hÉireann. Is é ceann dena torthaí a d'eascair uaidh seo, ná bunú an Chlár Cosanta Deonach (CCD) chun deá-chleachtas sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre a spreagadh. Seoladh an CCD go h-oifigiúil i mí an Mheithimh 2004, agus tá na comhluchtaí liostáilte ag feidmiú le comhairle agus treoir leanúnach agus ionchur ón Údaras.

**Uachtaránacht an AE:** Bhí ról tábhachtach ag an Údarás freisin maidir le Uachtaránacht an AE. Bhain an tÚdaras leas as an Uachtaránacht le bheith ina óstach ag roinnt comhdhálacha idirnáisiúnta faoi shláinte agus shábháilteacht cheirde, chomh maith le cruinnithe Choiste na gCigirí Sinsearacha Saothair (CCSS), agus Cumann Idirnáisiúnta na gCigirí Saothair (CICS). Chomh maith leis sin, eagraíodh cruinnithe Údarásanna Cumasacha ar ábhar Rialacháin Seveso, agus Fógraí Substaintí Nua, maraon le seimineár ar Radaíocht Radharcach atá ag tacú le treorach nua an AE faoi seo.Le linn uachtarántacht na hÉireann, d'éirigh leis an Údarás dréacht treoraigh ar Radaíocht Radharcach a chur le chéile.

**An Bille (Nua) um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre:** Chuir an tÚdarás ar fáil freisin, léibhéal suntasach anailíse agus comhairle proifisiúnta teicniúil don Roinn Fionntar Trádála agus Fostaíochta ar ullmhú an Bhille um Shábháuilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre.

**Rialacháin nua agus Cóid nua cleachtais:** D'ullmhaigh an tÚdarás roinnt rialúchán nua, treoirlíntí agus cóid chleachtais. Ina measc, tá Rialúcháin Nua Tumadóireachta; Rialúcháin faoi Obair in Airde; Cód Cleachtais do Thumadóireacht Intíre agus Cois Cladaigh; Treoirlíntí ar Mheasúnacht Bhaol Cheimicigh, Iompar Leasaithe, agus Rialúcháin Dhaingníthe Cairéal.

**Forfheidhmiú:** Éistíodh go h-achomair le cúig imeacht is fiche i 2004, le cúig ceann déag ar díotáil. D'éirigh leis an Údarás freisin roinnt urghaire agus ordúithe rannóg 39 a fháil. Ba shuntasach an rud é nuair a gearradh fíneáil milliún euro, agus pianbhreith fionraithe priosúin do dhaoine i ndá chás. D'éirigh leis an Údarás freisin achomhairc i gcoinne fógraí Feabhsúcháin agus Toirmisc a chosaint.

**Cigireachtaí:** Shroich an tÚdarás an sprioc a bhí aige maidir le líon cigireachtaí ionad oibre sa bhliain 2004, agus 11,382 déanta acu.

**Láimhseáil Láimhe:** Críochnaíodh athbhreithniú cuimhsitheach ar Traenáil i Láimhseáil Láimhe i 2004, agus ullmhaíodh treoir nua ar láimhseail láimhe a riar. Cuireadh críoch freisin le tionscnamh mór taighde a rinneadh in éineacht le hAer Rianta, ar chleachtais láimhseála bagáiste in aerphort Bhaile Átha Claith. Seoladh tionscnamh mór in éineacht leis na mór-mhiondíoltóirí a bhfuil líon mór asraon

acu, na córais láimhseáil láimhe agus bainistíocht shábháilteachta a fheabhsú. Ba dul chun cinn suntasach eile an socrú a baineadh amach le déantóirí stroighne na málaí 25kg a úsáid in ionad málaí 50kg., rud a laghdaíonn an mór-bhaol a bhain le málaí troma a láimhseáil.

**Bulaíocht:** Fuair an tAonad Freagartha Frith-Bhulaíochta 3,670 glaoch i rith 2004.De bharr gearán, cuireadh i bhfeidhm seacht bPolasaí Frith-Bhulaíochta is seasca i 2004, agus 520 polasaí eile mar thoradh ar easpa géilliúla a tugadh faoi deara le linn cigireachta san ionad oibre. Rinne an tÚdarás cúig thíolacadh ag cuig chomhdháil náisiúnta faoi bhulaíocht agus strus san ionad oibre. Bhí sainchomhairle agus moltaí ag an Údarás do roinnt eagruithe ar iniúchaidh ar bhulaíocht agus ar strus a chur ar siúl.

**Sabháilteacht Phoiblí:** Forbraíodh polasaí ar ghlac an Bord leis maidir le gníomhachtaíochtaí oibre a théann i bhfeidhm ar bhaill an phobail.

**Tionscnaimh Bhonneagracha agus Trádála:** Sheachad an tÚdarás anailís agus comhairle proifisiúnta agus teicniúil do roinnt tionscnamh bhonneagracha agus trádála náisiúnta, mar chuid dá ról comhairleoireachta sa phróiseas pleannála maidir le baol ceimiceach.

**Sabháilteacht na gCrann Tógála:** Bhí an tÚdarás ag obair leis an Údarás Caighdeáin Náisiunta an hÉireann chun an **Cód Cleachtais; Úsáid Shábháilte Crann Tógala sa Tionscal Tógala**. Ullmhaíodh tuairisc eatramhach i 2004 ar mhór-eachtra titim chrainn tógála.

**Imeachtaí Náisiunta:** Bhí an tÚdarás i láthair ag roinnt imeachtaí náisiúnta, cosúil leis an gCraobh Treabhadóireachta, Seó an Earraigh san RDS, agus Taispeáintis Thógála, agus sábháilteacht san ionad oibre de shíor á cur chun cinn aige.

**Foilseacháin:** Thug an tÚdarás isteach sé fhoilseachán déag sa bhliain 2004, chomh maith le nuachtán ráithe a phléann réimse leathan eolais faoi shláinte agus shábháilteacht.

**Modhanna Nua Fhorfheidhmithe:** Cuireadh modhanna nua forfheidhmithe i rith 2004, agus seachadadh clár cuimsitheach traenála do chigirí freisin.

**Saoráil Faisnéise:** D'éirigh leis an Údarás deileáil le breis is 500 achainí ar eolas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Is méadú 65% ar 2003 seo, agus tá sé ar cheann de na leibhéal is airde i measc eagraíochtaí stát seirbhíse agus seirbhí phoiblí.

**Seirbhís agus Eolas Custaiméir:** D'éirigh leis an Údarás deileáil le breis is 45,000 glaoch ar a oifig INFOTEL agus eolas á lorg. Is méadú 88% ar 2003 é seo.

**Straitéis Náisiúnta Choisc:** Críochnaíodh agus seoladh **Straitéis Náisiúnta hCoisc, i 2004.**

**Coistí Comhairleach Réigiúnda:** Bunaíodh an Coiste Comhairleach Réigiúnda an Oirdheiscirt i mí Meánfhómhair, agus le linn Deireadhfhómhair 2004 cuireadh ar bun roinnt imeachtaí chun tacú le Seachtain Shábháilteacht na hEorpa. Bunaíodh Coiste Comhairleach Réigiúnda san Iarthuaisceart freisin.

**Uirlis Iniúchaidh don rannóg sláinte:** I mí na Samhna, chuir an tÚdarás tús le feidhmiú piolóta sa rannóg sláinte den Uirlis Iniúchaidh agus den gCóras Bainistíocht Shabháilteacht, Shláinte agus Leas Ceirde.

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# ÉACHTAÍ MÉADÚ CUMAIS

**Dul Chun Cinn a Choinneáil:** Sheachad an tÚdarás clár éiliúil feabhsúchán torthúlachta atá leagtha amach ina ghníomh-phlean chun dul chun cinn a choinneáil.

**Athstruchtúrú:** Cuireadh oll-chlár athstruchtúraithe i bhfeidhm maraon le bainistíocht ghníomhaíoch chaidreamh tionscalaíochta.

**Forbairt Bhainistíochta:** Rolladh amach clár forbairt bhainistíochta do bhainisteoirí sinsearacha, a bhí ag díriú ar scileanna straitéiseacha agus feidmhithe na mbainisteoirí a fheabhsú.

**Foirfeacht Trí Dhaoine:** Rinneadh iniúchadh seachtrach neamhspleách ar chláracha traenála agus forbartha an Údaráis, agus ba léir ón scór ard a fuarthas go gcloífí leis an deá-chaighdeán.

**Taighde:** D'fhoilsigh an tÚdarás Polasaí Taighde struchtúrtha, agus forbraíodh Plean Taighde do 2005-2010. Le linn 2004, údaraíodh roinnt tionscnamh taighde ar ábhair cosúil le costas timpistí ionad oibre, suirbhé ar chigireachtaí, agus timpistí marfacha i dtionscal tógála na hÉireann.

**Riar Airgeadais:** Cuireadh córas nua riar airgeadais i bhfeidhm, rud a chabhraíonn le tuairisciú airdeadais a dhéanamh agus smacht níos fearr airgeadais a choimeád, maraon le héifeacht fheabhsaithe trí íocaíochtaí agus próiseáil leictrónacha a úsáid. Dhearbhaigh na h-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha go bhfuil deá rialaitheoirí agus córais **governance** i bhfeidhm agus go raibh caiteachas don bhliain laistigh den mbuiséad socruithe.

**Teicneolaíocht an Eolais:** Tógadh isteach árdán nua teicneolaíochta cumarsáide, a íslíonn costais theileafóin idir-oifige. Faightear fuaim/caighdeán gutha agus tarcurtha sonraí níos airde, rud a ligeann do fhoireann an Údaráis leas iomlán a bhaint amach as áiseanna físchomhdhála torthúlacha **costas-éifeachtach**.

**Suíomh Nua Greasáin:** Sheol an tÚdarás a shuíomh ath-dheartha i 2004, rud a chabhraíonn le custaiméirí dul i dteagmháil le agus deileáil leis an Údarás.

**Suirbhé ar Aireachtáil an Phobail i leith an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta:** I rith 2004, d'fhostaigh an tÚdarás Millward Brown IMS chun suirbhé a dhéanamh ar aireachtáil an phobail i leith an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Ba dhearfach iad na torthaí, a léirigh tuiscint faoin Údarás ag 9 as gach 10 duine fásta Éireannacha. Is airde an tuiscint i measc daoine den aois 35-64, ABCI'the, feirmeoirí, agus daoine le cúraimí bainisteoireachta acu. D'aontaigh 9 as 10 a thuigeann cúraimí an Údaráis, gur eagraíocht í a chabhraíonn gnóthaí cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a fheabhsú, agus ba é dearca na ndaoine seo ná gur éifeachtach an eagraíocht an tÚdarás, gur féidir deileáil leis go h-éasca. Léirigh an suirbhé freisin go mothaíonn níos mó na 3 as 5 go bhfuil a n-ionaid oibre feabhsaithe i leith sláinte agus sábháilteachta le bliain anuas, agus mothaíonn 4 as 5 feirmeoir an rud céanna.

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# SPRIOC 1: TEAGMHÁIL GHNÍOMHACH LE AGUS TIONCHAR AR ÁR gCUSTAIMÉIRÍ

Tá ról dúbailte againn agus ár gclár sláinte agus sábháilteachta á chur i bhfeidhm againn – géilleadh agus cosc. Is tionchar suntasach iad an mhonatóiracht agus an cinntiú géillte i leith reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta nuair a táthar ag seachaint timpistí san ionad oibre agus droch-shláinte a bhfuil baint aici leis an ionad oibre. Cuireann an tacaíocht a thugaimid do sprioc-ghrúpaí tríd na tionscnaimh choisctheacha, leis an laghdú sa líon básanna, gortuithe agus tinnis a bhfuil baint acu leis an ionad oibre..

**Cuspóir:** Is é an príomh cuspóir atá againn faoin gclár seo, ná, straitéis fhadtéarmach a fhorbairt agus a shocrú a bhfuil mar aidhm aici sábháilteacht agus sláinte an ionaid oibre in Éirinn a mhéadú trí bhealaí dírithe coisctheacha. Tríd is tríd, is í an straitéis seo a thiomáinfidh misean an Údaráis Sláinte agus sábháilteachta amach amseo.

## STRAITÉIS CHOISCTHEACH NÁISIÚNTA

Is é ár bpríomh fócas i 2004, ná straitéis choisctheach náisúnta a fhorbairt mar seo a leanas:

- Ár sprioc mhargaí/chustaiméirí sa limistéar coisctheach a shainmhíniú.
- Ár gcuspóirí agus bhfís do na grúpaí seo custaiméirí a shainmhíniú
- Ár mbunlíne tomhais do na sprioc-ghrúpaí seo a shainmhíniú, agus an próiseas measúnachta dóibh sa todhchaí a shainmhíniú.
- Straitéis chun tionchar a bheith againn ar athrú a leagadh amach.
- Na struchtúir chuí chun athrú a bhaint amach a chur i bhfeidhm.
- Straitéis choisctheach náisiúnta a thosú.

Tá gá le líon substaintiúil ghíomhartha chun an cuspóir seo a bhaint amach, agus riarfar iad i gcomhairle agus i gcomhcheangal le h-eocharghrúpaí seachtracha agus inmheánacha.

### TASCAIRÍ STRAITÉIS CHOISCTHEACH NÁISIÚNTA

Socrófar straitéis choisctheach náisiúnta ag Q2, 2004
*Straitéis Choisctheach Náisiúnta socruithe agus foilsithe.*

Beidh plean feidhmithe chum tacú leis an straitéis i bhfeidhm roimh dheireadh 2004
*Plean feidhmithe i bhfeidhm a dhíríonn ar 70% de chuspóirí na straitéise thar tréimhse 3-5 bliana.*

Cuirfimid gníomhaíochtaí eile i bhfeidhm chun tionchar dearfach a bheith againn ar agus cumarsáid againn leis na spriocghrúpaí mar ata thíos:

## TIOCHAR AR MHICREFHIONTAIR AGUS AR FHIONTAIR BHEAGA

- De réir eolais a fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim, tá thart ar 113, 000 gnóthaí cláraithe in Éirinn le níos lú ná 10 fostaíthe, agus 18, 000 gnóthai eile le idir 10 agus 49 fostaíthe iontu. Chomh maith leis sin, tá 114,000 ag obair sna rannóga talamhaíochta agus feirmeoireachta, cuid mhaith díobh féin-fhostaithe. Is ar éigean a mbíonn próisis fhoirmeálta bhainistíochta le fáil anseo, go háirithe bun-chleachtas riar sábháilteachta. Ach is minicí na hionaid seo oibre a bheith i mbaol ná na fiontair móra foirmeálta a bhfuil géilleadh níos fearr le fail iontu.

*Le linn 2004, rinneadh 6,342 cigireachtaí .i. 71% den gcigireacht iomlán, ar ionaid oibre a raibh níos lú ná 15 fostaithe iontu.Bhí ráitis ullmhaithe sábháilteachta ag 63% de na comhluchtaí seo.*

# SPRIOC 2: LUACH A BHEITH AGAINN AR EOLAS MAR ACMHAINN LARNACH SAN ÚDARÁS, CHOMH MAITH LE DÍRIÚ AR NUÁLAÍOCHT AGUS CLEACHTAIS FHEABHSAITHE OIBRE

**Cuspóir:** Bealaí a chur i bhfeidhm a bheadh in oiriúint do mhéid na bhfiontar beag agus na micrefhiontair, dá struchtúir neamhfhoirmeálta, agus dá riachtanais, a sheachnódh timpistí agus droch-shláinte. Ina measc, beidh:

- Tacaíocht Chomhairleoireachta – an clár reatha a fheabhsú agus athbhreithnú a dhéanmh air.
- Sprioc-chúnamh a thabhairt do cheantair tíreolaíochta ar leith.
- Sonraí anailíseacha agus staitistiúla ar fhiontair bheaga agus ar mhicrefhiontair a fhorbairt chun tacú leis ns bealaí choisctheacha.
- Treoirlíntí do na Coistí Comhairle Réigiúnda do idirghabhála réigiúnda.
- Tionscnamh a bhunú leis an dtionscal árachais chun riar sábháilteachta sna fiontair bheaga a fheabhsú..
- Feachtais Dhírithe chaidrimh phoiblí.
- Idirghabháil dhíreach an Údaráis ag leibhéal comhluchta.

## TASCAIRÍ FIONTAIR BHEAGA AGUS MICREFHIONTAIR

An clár mar atá sé a aththreorú mar is gá, chun tacaíocht a thabhairt do fhostóirí beaga agus do mhicrefhostóirí (cuir i gcás, tionscnaimh mar Deá-Chomharsann, Baile Slán 7rl a dtacaíonn custaiméirí leo).

Gníomhaíochtaí nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú leis an bhfostóir beag/micrefhostóir.

Samhail a mholadh chun measúnacht tuinsimh i gcómhair bealaí coisctheacha (m.sh. méadú sa chéadadán fostóirí a bhfuil córais bhunúsacha riar sábháilteachta acu-caithfear an bhunús a bhunú).

*Tá tuiscint agus fógraíocht ghinearálta déanta i leith na ngnóthaí beaga/micreghnóthaí, ach cuireadh ar ceal go 2006 cuspóirí ar leith, nuair a bheidh súil le ball ar leith foirne i mbun na hoibre úd. Tá clár an ÚSS don ngrúpa seo ionad oibre curtha go Coistí Comhairle Réigiúnda, agus téann alán dá gcuid oibre i bhfeidhm ar an rannóg*

## TACAÍOCHT CHOISCTHEACH GHINEARÁLTA THAR GACH IONAD OIBRE

Chomh maith leis an bhfócas láidir ar fhiontair bheaga agus ar mhicrefhiontair, agus ar na féinfhostaithe, leanfaidh an Rannóg Sheirbhís Choisctheach ag tabhairt tacaíochta do gach ionad oibre. Beidh béim curtha againn ar phróiseas feabhsúcháin agus athdhearaidh ar na socruithe cumarsáide tríd an teileafón, post, agus idirlíon, chun cinntiú go bhfaigheann na custaiméirí a bhfuil uathu nuair a bhíonn sé uathu.

**Cuspóir:** Tacaíocht choisctheach ghinearálta a chur ar fáil do gach ionad oibre le sprioc ar leith ar shocruithe reatha teagmhála a fheabhsú.

I measc na rudaí a bheidh ann, beidh:

- Teagmháil athchóirithe agus feabhsaithe fóin agus gréasáin a chur i bhfeidhm.
  *Údaraíodh gréasán nua le h-ábhar méadaithe a léiríonn cheana méadú leanúnach sa mhéid a mbaineann úsáid as. Mhol an t-athbhreithniú a rinneadh ar ár bpointí teagmhála fóin agus ríomh-phoist athraithe ar leith, agus dá bhrí sin, cuireadh tús le tionscnamh nua Teagmháil Ionad Oibre chun taithí úsáideora ina leith a fheabhsú*
- Meicníocht athbhreithnithe a chur i bhfeidhm chun déileáil le gearáin an ionaid oibre.
  *Tá bealaí nua chun déileáil le gearáin i bhfeidhm, agus tá dul chun cinn á dhéanamh ar na moltaí eile de chuid an athbhreithnithe Teagmháil Ionad Oibre.*
- Tá na bealaí socraithe coisctheacha a thacaíonn leis an bPlean Sábháiltechta Tógála, agus na Gníomh-Ghrúpaí Sábháilteacht Fheirme curtha i bhfeidhm.
  *Fuair na feachtais dhírithe seo tacaíocht ó fheachtais fhógraíochta eile theilifíse agus iriseoireachta, chun tuiscint daoine sna rannóga Talamhaíochta agus Tógála a mhéadú. Os rud é go raibh baint ag na Grúpaí Sábháilteachta Feirme agus Tógala leo, ba mhór an éifeacht a bhí acu ar na daoine úd.*
- Bunú dhá Choiste Comhairle Réigiúnda nua a bhfuil comhairle agus cosc ina mbun ról acu.
  *Bunaíodh dhá Choiste Comhairle Réigiúnda nua – san Iarthuaisceart, agus san Oirdheisceart.*
- Feachtas caidreamh poblí dírithe ar oibríthe.
  *Thárla feachtas caidreamh poiblí do na rannóga talamhaíochta agus tógáal, le cabhair go príomhdha ó fhógraíocht theilifíse.*
- Seimineáir i limistéar le h-éileamh mór custaiméar ( trí ar a laghad).
  *Eagraíodh sé chinn de sheimineáir tríd na Coistí Comhairle Réigiúnda.*
- Ceist na dtreoirlíntí agus na gcód cleachtais i limistéir thábhachta.
  *Forbraíodh cuid mhaith treoirlíntí agus cóid chleachtais sa bhliain 2004. Gheobhfar iad seo leagtha amach go mion i Sprioc 4 thíos(Sprioc 4: Mónatóireacht Reachtaíocht Shláinte agus Shábháilteachta a dhéanamh, agus í a chur ós comhair an phobail, agus leas an phobail a chosaint).*
- Polasaí Garchabhrach a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm.
  *Tá síneadh leis an gCóras Garchabhrach reatha aontaithe, ionas gur féidir leis an gcéad chéim chomhairleoireachta críochnú, le h-am a fhágail don dara cheim a athbhreithniú i 2005.*
- An treoir ar láimhseáil láimhe agus traenáil a athbhreithniú, agus na riachtanais chumais maidir le traenáil, chomh maith le clárú a mheas.
  *Léiríodh tuairisc ar shocruithe thraenála chomh maith le moltaí ar ghníomharta feabhsúcháin. Cuireadh críoch leis an chéim comhairleoireachta leis na treoirlíntí, agus cuireadh isteach mar dhréacht deireannach i 2005 iad ag lorg aontú an Bhoird agus foilseacháin*

## TÁSCAIRE CHOMHLÍONADH TACAÍOCHT CHOISCTHEACH GHINEARÁLTA

Socruithe teagmhála athbhreithnithe agus feabhsaithe curtha i bhfeidhm.
*Údaraíodh tionscnamh straitéiseach i gcómhair aonaid theagmhála ionad oibre a bhunú i 2004.*

Plean measúnachta chun seirbhísí teagmhála ionad oibre sa todhchaí a mheas.
*Cuirfear críoch leis an rolladh amach agus cur i bhfeidhm Céim 1 i 2005 (freagairt do na h-ionaid oibre; gabháltas tógála).*

Na gníomhartha thuas á gcur i bhfeidhm, agus cruthú tuinsimh dhearfaigh na mbealaí coisctheacha ar ghradam fostóra agus leibhéal ionadaíthe fostaíthe.
*Gníomhartha eile curtha i bhfeidhm mar atá thuas*

# TIONCHAR AR DHAOINE EILE

**Cuspóir:** Go mbeadh níos mó tionchair ag ár gclár sábháilteachta agus sláinte san ionad oibre le chéile, mar seo a leanas:

- Straitéis chaidreamh-phoiblí faoi stiúir an mhargaidh a fhorbairt.
  *Rinneadh taighde ar thuiscint an phobail ar an ÚSS, a chabhróidh le féiniúlacht chorporáideach a fhorbairt, a thionlaicfidh an Achta nua a bheidh réidh i 2005.*
- Ag baint leas iomláin as na deiseanna a bhí ann le linn Uachtaránacht an AE chun comhaontais a dhéanamh agus tionchar a bheith againn ar chlár na hEorpa.
  *Bhain an tÚdarás leas iomlán as deiseanna hUachtaránachta le bheith ina óstach ar roinnt chomhdháil náisiúnta agus idirnáisiúnta sláinte agus sábháilteachta cheirde, ina dteannta, cruinnithe le Coiste na gCigirí Sinsearacha Saothair(CCSS), agus an Cumann Idirnáisiúnta na gCigirí Saothair(CICS). Chomh maith leis sin, eagraíodh roinnt cruinnithe leis an Údarás Cumasach ar na rialúcháin Seveso, agus ar Fhógraí na Substaintí Nua, agus thárla seimineár ar Radaíocht Radharcach a thacaíonn leis an treorach nua de chuid an AE.*
- Plean aontaithe chun sláinte agus sábháilteacht a chur ar an gcuraclam, maraon le fiontair chuí i dteannta le h-institiúidí oideachasúla.
  *Rinneadh dréacht ar phlean agus ar struchtúr de chuid an ÚSS chun Sláinte agus Sábháilteacht a chur ar an gcuraclam oideachais ag gach leibhéal, agus ba bhunús é seo do chainteanna agus cur i bhfeidhm a thosóidh i 2005 le h-ionadaíthe cuíthe na leibhéal úd, agus le NQAI, FETACHETAC.*
- Straitéis aontaithe riar sláinte cheirde.
  *Cuirfear an Straitéis Shláinte Cheirde ar aghaidh go leibhéal tairiscinte imlínithe sa bhliain 2005*
- Ag oibriú le agus tionchar a bheith againn ar eagraíochtaí eile leis na cúraimí céanna, mar shampla, FÁS, institiúidí traenála talamhaíochta, institiúidí tríú leibhéil, údaráis áitiúla agus pleanála, NSAI, ETCI, Fóram an Tionscal Tógála, agus an Gníomhaire Eorpach Sláinte agus Sábháilteacht san Ionad Oibre.
  *Téann díospóireachta ar aghaidh, agus forbraítear caidreaamh leo siúd a bhfuil an clár céanna acu. Mar chuid den gclár Comhaontas Straitéis Choisctheach, forbraíodh an chéad chomhaontas leis an mBord Soláthair Leictreachais.*

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

## TÁSCAIRÍ COMHLÍONADH TIONCHAIR

Na gníomhartha thuas curtha i bhfeidhm, maraon le tairiscintí a mheasfaidh a dtuinseamh go fadtéarmach.

*Cuireadh i bhfeidhm na gníomhartha seo chun tuinseamh fadtéarmach agus tionchar méadaithe a bheith againn ionas go mbainfí saol slán sábháilte oibre a bhaint amach.*

Bealaí coiscstheacha ar leith ag eascairt as páirtíochtaí i gcomhthéasc an phlean coiscthigh náisiúnta.

*Tógadh an Clár Cosanta Deonach (CCD) ón OSHA i Meirceá go hÉireann i bpáirtíocht leis an HSENI. Mar chuid den dtionscnamh, tá sé chomhlacht Éireannacha ag glacadh páirt sa phiolóta a sheol an Tanaiste i mí an Mheithimh 2004*

Bainfidh an tÚdarás úsáid as na straitéisí atá bunaithe ar fhianaise chun seirbhís fhoirfe i leith beatha shlan shábháilte oibre a sheachadadh. Díreofar ár ngníomhartha ar na limistéir is mó ina bhfuil gá leo, agus ina mbeidh an tuinseamh is mó. Braitheann sé seo ar eolas a bhailiú agus a úsáid faoi nochtadh baoil, géilleadh, agus comhlíonadh.

**Cuspóir:** Córais agus próisis a fhorbairt a thacaíonn le cosc agus forfheidhmiú trí:

- Cur i bhfeidhm chlár riar thaifead an Údaráis a chríochnú.
  *Cuireadh críoch ráthúil leis an gclár riar thaifead.*
- Foirmeacha tuairiscithe timpistí nua ar fáil chomh maith le aigniú gréasáin.
  *Tá Foirmeacha tuairiscithe timpistí nua ar fáil anois, agus tuairiscítear timpeall leath na dtimpistí ar líne.*
- Córais Eolais agus Teicneolaíochta (CET) a chur i bhfeidhm chun cabhrú le gach ball foirne maidir le h-eolas a roinnt.
  *Cuireadh córas físchomhdhála sa Cheanncheathrú agus i gceithre chinn de phríomh-oifigí réigiúnda. Tá an córas inlíne faoi athbhreithniú, agus suíomh nua á fhorbairt i 2005.Insroichteacht shlán ón ngréasán go ríomh-phost ar fáil don bhfoireann*
- Córas slán cianrochtana don Údarás a fhorbairt.
  *Tá forbairt déanta ar chóras slán (VPN) a ligeann do fhoireann an ÚSS fáil isteach ar an Córais Eolais agus Teicneolaíochta (CET) ó chian. Beidh an córas seo 'beo' i 2005.*
- Córas comhdúchán leictrónach agus slándáil a chur i bhfeidhm a thabharfaidh tacaíocht do dheá-chleachtas.
  *Córas comhdúchán leictrónach athstruchtúrtha chun tacú le bealaí nua riar thaifead leis an gcleachtas is fearr slandála agus cosaint sonraí.*
- An fhoireann ag baint an méid is mó úsáid as teicneolaíocht eolais a bhfuil teacht air, maraon leis na prionsabail sa Straitéis Chórais Ghnó.
  *Bhain an tÚdarás leas iomlan as na córais Theicneolaíocht Eolais (TE), a bhonneagar agus tacaíocht do thionscnaimh mhóra a sheachad i rith 2004, Coras nua Riar Airgeadais, Gréasán nua an Údaráis agus an córas tuairiscithe timpiste ar líne san áireamh. Chomh maith leis sin, tá feabhsúcháin cháirdiúlachta, agus feidhmiú an bhunachair shonraí na mbunchigearachtaí/dtimpistí ag cur tacaíochta eolais níos fearr ar fáil don bhfoireann. Freisin tionscnaíodh réiteacha soghluaiste feabhasaithe a chuireann tacaíocht níos fearr ar fáil do chigirí.*

## TÁSCAIRÍ CHOMHLÍONADH CÓRAS

Seachadadh tionscnaimh in am, ag nó faoin gcostas measúnaithe. Bhí dlúth-cheangal idir an Údarás agus úsáideoirí chun aiseolas a fháil, agus chun déanamh cinnte de go raibh na h-úsáideoirí sásta.
*Seachadadh gach tionscnamh laistigh de líntí ama agus bhuiséad aontaithe.*

# PLEANÁIL, MEASTÓIREACHT AGUS TAIGHDE

**Cuspóir:** Polasaí comhtháthaithe taighde a fhorbairt agus taighde a dhéanamh i sprioc-limistéir cabhrú le cinneadh-dhéanamh trí:

- Polasaí taighde a fhorbairt.
  *Tá polasaí taighde forbartha agus foilsithe.*
- Sraith taighde a fhoilsiú.
  *Tá an tsraith seo ar fáil ar gréasán an Údaráis, agus gheofar leis staidéar indéantachta ar chostas timpistí san ionad oibre, droch-shláinte a bhfuil baint ag an obair leis, agus eachtraí neamh-ghortaithe in Éirinn.*
- An Tuairisc Bhliantúil agus Clár Oibre Bliantúil a ullmhú.
  *Ullmhaíodh an dá thuairisc in am.*
- Tuinseamh cláir áirithe an Údaráis a mheas.
  *Bhain an tÚdarás leas as reimse córas chun comhlíonadh a mheas, monatóireacht a dhéanamh ar chláir áirithe, sonraí faoi thimpistí, dhroch-shláinte, agus ar na meáin. Tá baint ag trí rannóg ionad oibre le tionscnaimh thuinseamh a thomhas*
- Staitisticí agus eolas ar shláinte agus shábháilteacht a bhailiú agus a chur ar fáil don bpobal agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta.
  *Bhailigh an tÚdarás eolas agus staitisticí, rinneadh anailís orthu agus cuireadh an t-eolas ar fáil; foilsíodh an t-eolas mar chuid den Sraith Fhíricí.*
- Córais mhonatóireachta agus mheastóireachta chun comhlíonadh a mheas.
  *Próiseáiltear na tuairiscí míosúla agus ráthúla chun cabhrú le síor-mhonatóireacht agus agus mheastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Údaráis.*
- Gréasáin le soláthraíthe eolais a fhorbairt.
  *Coimeádann an tÚdarás comhaontais le neart soláthraíthe eolais chun ardchaighdeán sonraí agus éifeachta bheith aar fáil*
- Taighde a dhéanamh ar thaifead sonraí ceirde othar iospidéal.
  *Tá taighde déanta ag an Údarás ar chórais fhiosrúcháin othar in ospidéil.*
- Na háiteanna ina dtagann baol láimhseála agus tógála isteach le linn dearaidh a aithint, agus iad a phlé leis na dearthóirí agus cumainn ionadaíthe.
  *Socraíodhleis na déantóirí stroighne go n-úsáidfí málaí 25kg.seachas málaí 50kg rud a d'ísligh an baol gortaithe láimhseála.*

## TÁSCAIRÍ PLEANÁLA, MEASTÓIREACHTA AGUS TAIGHDE

Tuairiscítear ar chomhlíonadh an Údaráis go míosúil agus go ráthúil.
*Tuairiscítear ar mhiontháscairí chomhlíonadh an Údaráis i leith a mhór chuspóirí.*

Críochnaíodh agus foilsíodh an polasaí taighde.
*Tá polasaí taighde forbartha agus foilsithe.*

Críoch clár taighde.
*Tá an tSraith Thaighde ar fáil ar ghréasán an Údaráis*

# NUÁLAÍOCHT

**Cuspóir:** Bealaí nua a fhorbairt:

- Ag obair leis an rannóg chúram sláinte chun uirlisí iniúchta a fhorbairt.
  *Tá an tÚdarás tar éis tosú ar chur i bhfeidhm piolóta den Riar-Chóras Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde agus Uirlis Iniúchóra don rannóg shláinte i mí na Samhna 2004.*
- Ag obair leis an dtionscal árachais chun comhchlair a fhorbairt.
  *Bhí an tÚdarás ag tógáil páirtíochtaí leis an dtionscal árachais i 2004.Tá dhá mhór-chomhluchtaí árachais sásta táillí íslithe a ghearradh ar lucht na rannóg talamhaíochta agus bhfiontar beaga nuair atá cruthú chomhlíonaidh shábháilteachta ann*
- Scéim a fhorbairt a spreagfadh nuálaíocht fhoirne.
  *Forbraíodh agus rinneadh piolóta ar scéim aitheantais fóirne sa bhliain 2004. Déanfar a thuilleadh scagadh ar seo i 2005, bunaithe ar aiseolas ón sceim phíolóta.*

# TÁISCIRÍ COMHLÍONADH NUÁLAÍOCHTA

- Tionscnaimh ar leith críochnaithe.
  *Críochnaíodh tionscnaimh ar leith i 2004.*
- Scéim nuálaíocht fhoirne a chur i bhfeidhm.
  *Cuireadh i bhfeidhm an scéim nuálaíocht fhoirn*

# SPRIOC 3: AN CLEACHTAS IS FEARR A ÚSÁID SNA PRÓISIS CHIGIREACHTA, FHIOSRÚCHÁIN AGUS FHEIDHMIÚITHE

Is uirlisí móra iad na gníomhartha cigireachta, comhairle ionad oibre, fiosrúcháin, agus feidhmithe chun ár bhfís shábháilteachta agus sláinte san ionad oibre a bhaint amach. Is é aidhm na gclár cumarsáide agus reachtacha ná, daoine a spreagadh maidir le riar shábháilteachta agus sláinte in a n-ionaid oibre. Ach, bíonn gá, le forfheidhmiú sna rannóga le baol ard, agus géilleadh íseal.

**Cuspóirí Réamhghníomhacha:** Díreoidh ár gcláir chigireachta agus fheidhmithe réamhghníomhacha ar fheabhsúcháin sa riar sábháilteachta a bhaint amach sna rannóga ard-bhaol seo a leanas:

- Mianaigh agus Cairéil
- Talamhaíocht agus Foraoiseacht.
- Tógáil

Beidh réimse teoranta gníomhachtaí, chomh maith le riar shábháilteacht agus sláinte mar spriocanna i ngach rannóg. Díreofar freisin ar na ceisteanna ard-thosaíochta seo:

- Riar sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre
  *Lorgaíodh ráiteas sábháilteachta in 85% na gcigireachtaí a rinneadh i 2004, agus scrúdaíodh géilleadh na ráiteas seo faoi rannóg 12 den Acht 1989, agus faoi Rialúchán 10 de na Rialúcháin Úsáid Ginearálta 1993, ar mheasúnachtaí baol scríofa.*

- Gluaiseachtaí feithiclí ionad oibre
  *Rinne na cigirí cigireacht ar chumas tiománaithe, ar mheasúnachtaí baol gluaiseacht fheithiclí, ar scarúint na gcoisithe, leagan amach an ionaid oibre d'fheithclí, agus ar choimeád na bhfeithclí. Is mar seo a leanas a bhí géilleadh i leith na limistéar úd:*
    - *Lan ghéilleadh/géilleadh leathan: 39%*
    - *Roinnt gheilleadh: 38%*
    - *Géilleadh teoranta: 23%*

- Sábháilteacht Cheimiceach
  *Rinneadh cigirí iniúchadh ar mheasúnachtaí scríofa do cheimicí agus ábhair ailse i gcás 2,279 cigireachtaí i 2004.Bhí siad le bheith curtha sna Ráitis Shábháilteachta chun an baol mór san ionad oibre a léiriú maraon leis na bealaí smachta chuí. Chomh maith leis sin, tháinig cur i bhfeidhm an tsmachta agus infhaighteacht na mbileog shonraí shábháilteachta seo faoi mhonatóireacht na gcigirí ag an ionad oibre. Is mar seo a leanas a bhí géilleadh i leith na limistéar úd:*
    - *Lan ghéilleadh/géilleadh leathan: 51%*
    - *Roinnt gheilleadh: 33%*
    - *Géilleadh teoranta: 11%*

- Láimhseáil Láimhe
  *Rinneadh cigireachtaí a dhírigh ar cheisteanna láimhseáil láimhe/eirgeanamaíochta thar réimse rannóg oibre, agus cuireadh i bhfeidhm an forfheidhmiú a bhí ag teastáil chun cinntiú go raibh na bealaí chuí ann.*

Is iad na fostóirí beaga a bhfaighidh an méid is mó cigireachtaí, agus beidh athchigireachtaí i gceist dóibh siúd a bhfuil droch-thaifead géillidh acu, nó ar seirbheáileadh fógraí fhorfheidhmiúithe orthu.

**Cuspóirí Imoibritheacha:** Déanfar fiosrú láithreach ar ghearáin agus ar thimpistí thromchúiseacha, agus cuirfear i bhfeidhm pé ghníomh a chinnteoidh feabhsúcháin.

Beidh obair imoibritheach an Údaráis á déanamh aige de réir an Achta 1989, chun cuspóir an Údaráis .i. *beatha shlán shábháilte oibre á baint amach* a chur i gcrích. Níl acmhainní ag an Údarás déileáil le ceisteanna sábháilteachta nach bhfuil acu ach ceangal tanaí le gníomhartha oibre.

Sa chás go mbeidh sláinte nó sábháilteacht an phobail i mbaol ó ghníomhartha oibre is féidir obair imoibritheacha i gcomhthéacs rannóg 7 den Acht um Shabhailteacht agus Shláinte san Ionad Oibre a chur i gcrích.

Chun na cuspóirí seo a bhaint amach, is féidir na tionscnaimh seo a chur i bhfeidhm sna limistéir seo a leanas:

## MIANAIGH AGUS CAIRÉIL

- Bíonn ráta ard báis sna cairéil. In ainneoin nach mbíonn fórsa mór oibre ag obair sna cairéil, fuair ochtar bás le ceithre bliain anuas.
  *Bhí dul chun cinn le feiscint sa chur i bhfeidhm córais riar sábháilteachta feabhsaithe sna comhluchtaí mór cairéileachta, mar nár maraíodh duine ar bith i 2004. Is gá meon aigne a fhorbairt sa tionscal nach nglacfaí le h-eachtra ná le timpist ar bith, agus go ndéanfaí gach eachtra a fhiosrú, na bunchúiseanna a aithint, agus tús áite á thabhairt don atarlú a sheachaint.*

**Cuspóir:** riar sláinte agus sábháilteachta a fheabhsú sa rannóg seo.

- Díreoidh na cigireachtaí ar: riar sláinte agus sabhailteachta, tine agus tarrtháil faoi thalamh, in-ruathair agus titim talún, innealra agus pléascáin.
  *Sáraíodh na sprioc-chigireachtaí, agus, cé nár gortaíodh aon duine, tharla roinnt eachtraí thromchúiseacha a bhí ina gcúiseanna imní maidir le gníomhaíochtaí agus feidhmeanna laistigh d'oibríochtaí mianadóireachta.Tá riar sláinte agus sábháilteachta sa rannóg seo ag leibhéal ard, agus is ag dul i bhfeabhas atá sé.*
- Díreoidh cigireachtaí cairéal ar: riar sláinte agus sabháilteachta, titim ó airde, cosaint bhruaigh, titim talún, riar tráchta, innealra daingnithe, agus pléascain
  *Baineadh amach na sprioc-chigireachtaí, agus beidh tionchar ag na sonraí a bailíodh ar a tharlóidh amach anseo.*
- Cuirfear Seachtain Shábháilteacht na gCairéal ar siúil ar abhar an deá-chleachtais I leith shábháilteacht sna cairéil, chomh maith le bileoga firicí, agus físthéip a chur amach faoi, agus beidh páirt á glacadh againn i dtraenáil shábháilteacht chairéil a chur ar fáil.
  *Soiléiríodh an tSeachtain Shábháilteacht Chairéal fadhbanna leanúnacha i limistéir áirithe cosúil le sábháilteacht fheithclí agus cosaint innealra. Rinneadh an fhísthéip 'Cosc ar Bhás sna Cairéil' i dteannta na 'Cainteanna Bosca Uirlisí' chun díriú ar na limistéir chriticiúla seo agus aire na n-oibrithe a dhíriú ar an mbaol.*
- Bunóidh tionscnamh measúnacht thuinsimh bonnlíne chun measúnacht a dhéanamh ar thionscnaimh shábháilteachta.
  *Tá an bhonnlíne i bhfeidhm anois, agus úsáidtear í chun leas na dtionscnamh nó a mhalairt a thomhas níos fearr.*
- Forbróidh tionscnamh AE/SAM chomhbhealaí.
  *Chabhraigh an tionscnamh seo le laigí agus neart na mbealaí fhorfheidhmiúithe a bhíonn in úsaid ar an dá thaobh den Atlantach, agus nuair a roinntear an t-eolas seo,is féidir bealaí eile a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a fheabhsóidh comhlíonadh sábháilteachta sa tionscal cairéil .*

## TÁSCAIRÍ COMHLÍONADH MIANACH AGUS CAIRÉAL

Bunófar bunlíne le táscairí mheasúnachta thuinsimh faoi Q3 2004.
*Bhí an bhunlíne seo déanta faoi lár 2004, rud a thug tuiscint don Údarás ar cá raibh an Rannóg Chairéalachta maidir le Córais Riar Sláinte agus Sábháilteachta, agus ar limistéir ina raibh aire ar leith ag teastáil uathu.*

Dul chun cinn i gcomhlíonadh sábháilteachta, mar atá tomhaiste ar athchigireachtaí.
*Díreofar na tionscnaimh shábháilteachta sna cairéil ar na laigí a aithníodh sa chéad mheasúnacht, ag súil go bhfeicfí comhlíonadh feabhsaithe thar am*

# TALAMHAÍOCHT AGUS FORAOISEACHT

Is sa talamhaíocht amhain a fheictear méadú sa ráta gortuithe san ionad oibre.Is minic a gortaítear páistí agus baill chlainne.

**Cuspóir:** an céatadán feirmeacha clúdaithe ag Ráitis Shábháilteachta a bheith méadaithe.

Lean an tÚdarás air ag moladh bealaigh atá bunaithe ar fhéin-mheasúnacht mar a bhí seolta i mí na Samhna 2003. Mar thoradh ar seo, tá timpeall 11,000 tar éis a fhógairt don Údarás go bhfuil measúnacht a bhfeirme críochnaithe acu faoi dheireadh 2004. De réir chlár cigireachta an Údaráis do 2004, tá ráiteas sábháilteachta ag 30% díobh siúd a oibríonn sa rannóg Thalamhaíochta.

- Clúdóidh cigireachtaí feirme feirmeacha, soláthairtí agus conraitheoirí talamhaíochta agus díreoidh siad ar: Ráitis Shábháilteachta, feidhmiú innealra, láimhseáil sciodair, láimhseáil beostoic, suiteálaíthe leictreacha, agus sábháilte leanaí.
  *Díríodh ar an fheirm chlainne i 2004, agus léirigh na cigireachtaí a críochnaíodh go raibh leibhéal géillidh méadaithe i ngach príomh limistéar, ach amháin in úsáid innealra nach raibh aon athrú le sonrú ó2003*
- Cuirfear chun cinn an Cód Cleachtais ar Thimpistí Páistí i dTalamhaíocht a Chosc
  *Ba chuid lárnach d'fheachtas cigireachta an Údaráis é sábháilteacht pháistí ar fheirmeacha. Roimh samhradh 2004, cuireadh comórtas ar siúl i dteannta na mbunscoileannaa tríd an bhfoilseachán múinteoireachta Intouch. Tugadh seans do pháistí ag an gCraobh Náisiúnta Treabhadóireachta an fhístheip agus DVD ar Shábháilteacht Leanaí a fheiceáil ag seastán idirghníomhach.*
- Tiocfar ar bhealaí nuálacha chun géilleadh a bhaint amach sa talamhaíocht, trí shuíomhanna cuí a fháil agus imeachtaí sábháilteachta a chur ar siúl.
  *Sa bhliain 2004, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar a chlár cigireachta agus dhírigh siad ar cheithre chontae ar leith bunaithe ar ráta timpistí agus an leibhéal talamhaíochta. Craoladh feachtas fógraíocht theilifíse ar shábháilteacht fheirme i dteannta Seachtain Shábhailteacht Fheirme. De réir suirbhé a rinneadh ar éifeacht an fheachtais, chonaic ceathrar as cúigear feirmeoir na fógraí, agus spreag siad triúir as ceathrar sábháilteacht ar a bhfeirmeacha a fheabhsú.*
- Díreoidh cigireachtaí sa bhforaoiseacht: an Cód Cleachtas ar Riar Sláinte agus Sábháilteachta sa bhForaoiseacht, innealra agus gluaiseachtaí feithclí.
  *Cuireadh an cód cleachtais nua-eisithe chun cinn agus scaipeadh é le linn an chláir foraoiseachta. Ba é ábhar an chóid fócas na gcigireachtaí i 2004.*

## TÁSCAIRÍ COMHLÍONADH TALAMHAÍOCHTA AGUS FORAOISEACHTA

Feabhsú i gcomhlíonadh sábháilteachta, mar a thomhaistear ar athchigireachtaí é.
*Le linn 2004, Léirigh na cigireachtaí a rinneadh go raibh an leibhéal géillte ardaithe sna limistéir thosaíochta, ach amháin in úsáid innealra, nár athraigh ó 2003.*

Feabhsú sa chéatadán feirmeacha le ráitis shábháilteachta faoi Q4 2004
*Tá ráiteas sábháilteachta ag 30% díobh siúd atá ag feidhmiú sa rannóg thalamhaíochta dar le clár cigireachta an Údaráis.*

Déanfar breithniú ar a bhfuil sna scéimeanna traenála Sábháilteachta agus Sláinte faoi Q3 2004.
*Tá comhrá tosaithe leis na h-eagraíochta oideachasúla, An Roinn Oideachais, HETAC/FETAC san áireamh.*

# TÓGÁIL

Tá ráta na dtimpistí marfacha agus neamh-mharfacha íslithe le ceithre bliain anuas, ach tá an ráta marfach fós ard. I rith 2003, fuair 21 bás i dtimpistí tógála.

**Cuspóir:** An Plean Páirtíocht Shábháilteacht Tógála a chur i bhfeidhm, ag díriú ar ghníomhartha aontaithe an Údaráis maidir le dearadh, soláthair, riar tógála, comhairleoireacht, oiliúnt/traenáil, forfheidhmiú, cur chun cinn, agus taighde. Go príomhdha, déanfar na rudaí seo a leanas:

- Clár cigireachta a dhéanamh ag díriú ar shábháilteacht ar leith suímh, pleananna sláinte, ráitis shábháilteachta, áiseanna leasa, fógraíocht agus ceapadh sealbhóirí dualgas, oibriú in airde, trácht, suímh agus innealra.
  *Sáraíodh an clár cigireachta.*
- Comhoibriú leis na páirtnéirí sóisialta agus eochair-ghrúpaí tríd an gCoiste Comhairle Tógála agus An Pháirtíocht Shábháilteacht Thógála, go speisialta chun córas cláruithe feitheoirí cumasacha tionscnamh agus sainconraitheoirí a fhorbairt, maraon le córas réamh-cháilíochta tógála, agus cód iompair ar ghéilleadh sábháilteachta d'oibritheoirí suímh.
  *Lean an Pháirtíocht Shábháilteacht Thógála ag cur i bhfeidhm an clár oibre trí bliana, agus fuarthas cistiú chun leanúint ar aghaidh leis an Scéim Éascaigh Ionadaí Sábháilteachta*
- Cigireacht a dhéanamh ar chleachtaí ailtireachta agus innealtóireachta chun géilleadh le rialúcháin dhearaidh agus bhainistíochta a athbhreithniú, agus chun cinntiú go seachneofaí baol, go speisialta baol láimhseáil láimhe sa phróiseas dearaidh.
  *Díríodh na cigireachtaí ar dhearthóirí timpeall na tíre, agus cuireadh seimineáir réigiúnda ar siúil, chun na riachtanais a léiríu do dhearthóirí*
- Comhthionscnaimh a fhorbairt le Feidhmitheach Sábháilteachta agus Sláinte an Tuaiscirt (HSENI).
  *Bhí cruinnithe ráthúla leis an HSENI ar ar fhreastal ionadaí Bord an ÚSS, agus ionadaí Bord an HSENI. Thug na cruinnithe seo seans ceisteanna comónta a phlé, chomh maith le h-imeachtaí an tionscail a thabhairt suas chun dáta.*
- Dhá fheachtas cigireachta/cur ar aghaidh.
  *Socraíodh dhá fheachtas sábháilteachta tógála.Tharla siad i mí an Mheithimh agus i Meánfómhair/Deireadhfómhair, agus mhair siad araon dhá sheachtain. Is iad na ceisteanna ba mhó a pléadh ná taisteal ionad tógála, obair in airde, agus fearas ardaithe. Rinneadh cigireacht ar 775 ionad san iomlán. Ba chuid dheireannach iad na feachtais seo de chlár trí bliana a chuir an Coiste Cigirí Sinsearacha Saothair an AE ar bun.*

## TÁSCAIRÍ COMHLÍONADH TÓGALA

Feabhsú i gcomhlíonadh sábháilteachta mar a tomhasadh ar athchigireachtaí é.
*Cuireadh feabhsúcháin i bhfeidhm trí fheachtas dírithe Tógála, forfheidhmiú, agus nótaí comhairle scríofa.Eisíodh fógraí coisc a bhí ag brath ar réiteach na gceisteanna seo a leanas: scafall neamhshábháilte, obair in airde neamhshábháilte, riar tráchta neamhfhónta, tochailtí dainséaracha, agus suiteáileadh leictreacha dainséaracha. Eisíodh 169 fógraí feabhsúcháin chun géilleadh reachtaíochta a chinntiú i leith: Leas, Traenáil Riar agus Taifid agus Doiciméadú Sábháilteachta. Eisíodh trí chinn de Treoracha Feabhsúcháin a chlúdaigh limistéir mar, riar sábháilteacht threascairte, doiciméadú sábháilteachta, agus córais shábháilte oibre. Le linn 2004, dúnadh síos 25 tionscnaimh thógála go dtí go dtiocfadh feabhsúcháin i leith comhlíonadh córas agus sabháilteachta.*

Dhá fheachtas cigireachta/cur ar aghaidh faoi Q3 2004.
*Críochnaíodh dhá fheachtas cigireachta/cur ar aghaidh i 2004.*

Léiríodh dul chun cinn le críoch a chur leis an bPlean Páirtíocht Shabháilteachta Thógála.
*Ba mhó tuinseamh na bhfeachtas cigireachta/cur ar aghaidh mar go raibh páirt ag an nGrúpa Páirtíocht Thógála ann.*

# SÁBHÁILTEACHT CHEIMICEACH

**Cuspóir Ghinearálta Sábháilteacht Cheimiceach:** Cosaint ó éifeachtaí gníomhairí ceimiceacha, mór-thimpistí substaintí ceimiceacha san áireamh, agus ár rólanna Údarás Cumasach Náisiúnta AE a chomhlíonadh maidir le Sábháilteacht Cheimiceach trí:

- Reachtaíocht na mbaol timpistí (Seveso II) a fhorfheidhmiú.
  *Rinneadh cigireacht ar na suíomhanna mór-bhaoil go léir. Tá measúnacht na dtuairiscí sábháilteachta go léir a lorgaíonn na rialúcháin déanta ag an Údarás, agus fuair cúig thuairisc shábháilteachta síniú deireannach an Údaráis mar go raibh siad inghlactha faoi na critéir atá leagtha amach sa Treorach. Ag brath ar tuilleadh eolais óna h-eagraíochtaí i gceist, ba cheart go mbeidh na cinn eile réidh go luath i 2005.Fuarthas agus athbhreithníodh ceithre thuairisc nua sábháilteachta i rith na bliana*
- Forfheidhmiú a dhéanamh ar rangú, phacáistiocht, lipéidíocht, agus fógraíocht na mbaol substaintí agus ullmhúchán.
  *Rinneadh 19 cigireacht/idirghabháil ar rangú, phacáistiocht, lipéidíocht. Déileáileadh go h-éifeachtach le gach fisorú CPL a thainig chun an aonaid.*
- Fógraíocht substaintí nua a mheas.
  *Próiseáileadh 25 fógraíocht nua ceimeacha laistigh den fráma ama orduithe, maraon le líon ard (38) díolúintí Forbairt agus Taighde ag Claonadh ar Phróiseas. Tógadh ceithre nua-fhillteán fógraíocht cheimiceach suas chun dáta.*
- Ag deanamh measúnacht bhaoil ar shubstaintí nua ceimiceacha.
  *Cuireadh seo ar aghaidh go Clár Oibre 2005, de bharr tosaíochta*
- Ag cur ar aghaidh measúnachtaí baol sláinte ar thrí shubstaint ceimiceacha atá ann.
  *Cuireadh an chéad dréacht de thrí mheasúnacht baol faoi bhráid an Bhiúró Ceimicí Eorpach, faoi bhráid gach EUMS, agus ionadaithe an tionscail.*
- Ag tabhairt comhairle ar phleanáil úsáid talún dona h-údaráis phleanála, agus don Bhord Pleanála, maidir le foirgnimh mhór-bhaol timpistí, agus scéimeanna forbartha lámh leo.

*Tugadh comhairle i 270 cás mar a d'iarr na h-údaráis phleanála. Tá dul chun cinn á dhéanamh i leith comhairle aicmeach pleanála ar úsáid thalún, agus ag an bpointe seo, tá sé faighte ag 26% eagraíochtaí.*

- Ag cur le dul chun cinn an nua-Straitéis Ceimiceach an AE, Treoracha Margaíochta agus Úsáide, agus Rialúcháin i leith Substaintí Baolacha.
  *Ag glacadh páirte ar na Coistí AE go léir ata ag forbairt moltaí ann agus a chlúdaigh na moltaí nua go léir Margaíochta agus Úsáide.*

- Ag glacadh páirte sna fóraim náisiúnta, idirnáisiúnta agus AE, agus ag cur ar fáil a bhfuil ag teastáil ó thaobh comhairle agus comhairleoireachta de tríd an gCoiste Comhairle Substaintí Baolacha, an Coiste Iompar Earraí Baolacha ar Bhóthar, agus an Grúpa Athbhreithnithe Scrúdaithe.
  *Rinne gach cruinniú cuí ar shubstaintí nua ceimiceacha agus cinn atá ann cheana, freastal ar chúraimí Rúnaíochta curtha ar fáil don gCoiste Comhairle Substaintí Dainséaracha.*

- Ionchur sláinteachas ceirde a chur ar fáil, agus tacaíocht i leith cigireachtaí ar ghníomhairí ceimiceacha, ábhair ailse, aispeist, agus ghníomhairí bitheolaíochta.
  *Forbraíodh tionscnaimh ar smacht a chur nochtadh ionad oibre do smúit adhmad crua, agus comhlíonadh measúnacht bhaol. Rinneadh measúnacht ar fhógraíocht aispeiste, ráitis mhodhanna a bhfuil ceangal acu leo, agus iarrtais tharscaoilidh mar a chuirtear faoi bhráid an Údaráis. Creidiúinithe an Údaráis i leith sáithíní aispeiste a chomhaireamh a choimeád faoi scéim RICE.*

## TÁSCAIRÍ COMHLÍONADH SABHÁILTEACHT GHIMEARÁLTA CEIMICEACH

Déileáiltear le fógraíocht na nua-shubstaintí laistigh den bhfráma ama orduithe.

*Fógraíochtaí nua próiseáilte laistigh den bhfráma ama orduithe.*

Freargófar na h-iarrtaisí pleanála úsáid thalún laistigh den bhfráma ama orduithe.

*Tugadh comhairle laistigh den bhframa ama orduithe*

**Cuspóir Iompar agus Stóráil Earraí Dainséaracha:** Is ar na bealaí seo a leanas a chinnteoimid iompar, stóráil, agus úsáid shábháilte na n-earraí dainséaracha:

- Cigireacht a dhéanamh agus ceadúnais agus cead a eisiúint.
  *Mar thoradh ar 655 cigireacht bhóthar, rinneadh mion-chigireacht ar 385 fheithicil earraí dainséaracha. Eisíodh 232 fíneáil-ar-an-dtoirt, in ionad díotála. Rinneadh 59 cigireacht ar áitreabh faoi Rialúcháin Stóras Príobháideach agus Miondíola Peitril. Tógadh rialúcháin nua isteach ag rialú iompair na n-earraí dainséaracha ar bhóthar, ag tabhairt reachtaíochta a bhí cheana ann suas chun dáta.*

- Ag déileáil le h-achomhairc i gcoinne diúltiú ceadúnas.
  *Próiseáileadh ceithre achomharc i gcoinne diúltiú ceadúnas ag údaráis áitiúla faoi Rialúcháin Stóras Príobháideach agus Miondíola Peitril. Tacaíodh le dhá cheann, agus diúltaíodh leis an dá cheann eile, agus bhí ar an údarás áitiúil na ceadúnais a eisiúint.*

- Scrúduithe traenála tiománaithe na n-earraí dainséaracha a eagrú agus a chur ar siúil.
  *Cuireadh 1,627 tiomanaí faoi scrúdú agus glacadh le 20 chúrsa traenála do thiománaithe i gcomhair le h-earraí dainséaracha ar bhóthar a iompar. Cuireadh scrúduithe teastaithe traenálaithe tiománaithe ar siúil ag ionaid i gCorcaigh, mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh. Rinneadh cigireachtaí ar ainmniú comhairleoirí sábháilteachta earraí dainséaracha.*

- Ag glacadh le cúrsaí traenála do thiománaithe earraí dainséaracha.
  *Rinneadh measúnacht ar agus glacadh le 20 chúrsa traenála do thiomanaithe.*

- Scrúduithe comhairleoirí sábháilteachta earraí dainséaracha a chomhoirdniú.
  *Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Athbhreithnithe Scrúdúithe i rith na bliana, a chabhraigh le h-aiseolas débhealach faoi na scrúduithe comhairleoirí sábháilteachta earraí dainséaracha a fháil, idir na soláthraíthe traenálaagus An Institiúid Cruthanta Taistil agus Loighisticí (ICTL), a riarann na scrúduithe ar son an Údarás Sláínte agus Sábháilteachta*

- An Scéim Scrúduithe Thiomanaithe Earraí Dainséaracha a athbhreithniú.
  *Athchóiríodh na rialacha a bhain leis na scrúduithe tiománaithe a chur ar siúil. Beidh na na h-iarrthóirí ó 2005 amach griangraph díobh féin a sholáthair do na scrúduithe. Mar thoradh na n-athruithe sa "Aontú Eorpach maidir le h-Iompar Idirnáisiúnta Earraí Dainséaracha ar Bhóthar" maidir le leasúithe, thóg an tÚdarás isteach scrúduithe speisialta a fhreastlóidh ar an rannóg áirithe úd i 2005.*

- Ag cur Seimineáir Réigiúnda/Mionteagaisc ar bun ar ábhair Ghníomhairí Ceimiceacha, Straitéis Cheimiceach AE, agus Rialúcháin nua ar Iompar Earraí Dainséaracha ar Bhóthar, agus tús a chur le dhá thionscnaimh ilbhliantúil measúnacht tuinsimh ar cheadú d'ionaid earraí dainséaracha, agus géilleadh le cigireacht bhóthair dá n-iompar.
  *Bogadh seo chuig Clár Oibre 2005, de dheasca acmhainí teoranta*

### TÁSCAIRÍ COMHLÍONADH IOMPAR AGUS STÓRÁIL EARRAÍ DAINSÉARACHA

Críochneofar athbhreithniú an Scéim Scrúduithe Thiomanaithe Earraí Dainséaracha.

*Críochnaíodh an t-athbhreithniú, agus athchóiríodh rialacha na scrúduithe tiomanaithe a chur ar siúil.*

Cuirfear bunlíne i bhfeidhm do mheasúnacht thuinsimh ar ghéilleadh le ceadú ionaid earraí dainséaracha, agus stadanna bóthar.

*Beidh sé seo mar chuid de Chlar Oibre an Údaráis 2005.*

## SÁBHÁILTEACHT INNEALRA

**Cuspóir:** Na Treoracha Brú agur Innealra AE atá molta a bhogadh ar aghaidh.

Glacadh leis an athbhreithniú molta don Treorach Innealra (98/37/ EC) ag cruinniú Comhairle Airí i mí na Samhna. Baineadh seo amach mar thoradh ar chathaoirleacht eifeachtach ar ghrúpa oibre an AE ar Chomhtheacht Theicniúil le linn Uachtáránachta na hÉireann.

- Beidh sprioc-chigireachtaí agus eolas ag díriú ar: An marc CE a bheith ar innealra san ionad oibre, dearbhúithe comhfhreagairte, comhaid theicniúla, agus eolas úsáideoirí.
  *Rinneadh nasprioc-chcigireachtaí seo ar sholáthróirí innealra go ráthúil.*

- Tacú le agus a bheith pairteach sa Ghrúpa Leasa Náisiúnta, agus dul i gcomhairle leis na Páirtnéirí Sóisialta ar Chomhtheacht an Treoraigh AE ar Innealra.
  *Coimeádadh an Grúpa Leasa Náisiúnta ar an eolas faoi a raibh ag tarlú ag na cruinnithe Comhtheacht Theicniúil an AE maidir leis an athbhreithniú molta an Treoraigh Innealra.*
- A bheith ag freastal ar chruinnithe an AE , agus ag déileáil le Treoracha Brú agur Innealra Teagmhálacha a fhorbairt leis an HSENI maidir le faire mhargaíochta ar innealra.
  *Freastalaíodh ar chruinnithe grúpaí oibre an AE ar fhearasbrú agus innealra. Teagmhálacha ábhforbairt leis an HSENI maidir le faire mhargaíochta ar innealra.*

### TÁSCAIRÍ AR CHOMHLÍONADH INNEALRA

D'éirigh linn ag leibheal AE ar na treoracha seo a leanas:

*D'imigh an t-athbhreithniú molta ar an dTreorach Innealra ó ghrúpa oibre Chomhtheacht Theicniúil go glacadh ag an gComhairle Airí. De bharr chathaoirleachta foirfe le linn Uachtáránachta na hÉireann,tháinig an moladh go ráthúil chui an gComhairle Airí faoi Uachtaránacht na nOllanach.*

## CLÁRACHA EILE

**Cuspóir:** Ag saothrú chun riar maith sábháilteachta a bhaint amach sna limistéir seo a leanas:

- Cigireacht sna calafoirt agus sna h-aerphoirt
  *Rinneadh 84 cigireacht sna calafoirt agus sna h-aerphoirt ag díriú ar ghluaiseachtaí feithclí, láimhseáil láimhe agus mheicniúile, torainn agus ceimicí.*
- Cigireachtaí sna h-údaráis áitiúla.
  *Rinneadh 150 cigireachta in ár n-údaráis áitiúla a chludaigh úsáid cheimiceach agus gníomhairí bitheolaíochta, obair sna séaracha agus áiteanna eile teoranta nach iad, socruithe leasa, smacht tráchta, agus traenáil fhoirne.*
- Cigireacht ar Shuiteáil amach ó chósta
  *Rinneadh cigireachta ar árdáin tháirgí Chionn tSáile i 2004, ach níor rinneadh cigireacht ar rigíní druileála de bharr a laghad is a bhí á dheanamh sa rannóg úd ag an am.*
- Cigireachtaí sa déantúsaíocht.
  *Rinneadh 1,964 cigireacht sa déantúsaíocht i 2004, a dhírigh ar measúnachtaí baoil a ullumhú, úsaid na ngníomhairí ceimiceacha, socruithe inmheánacha taistil, cosúil le úsáid ghabhal ardaitheora, agus pleanna riar tráchta. Is mar seo a leanas a bhí géilleadh na gceisteanna úd:*
    - *Géilleadh lán/leathan 52%*
    - *Roinnt géilleadh: 23%*
    - *Géilleadh teoranta: 14%*
- Cigireachtaí tumadóireachta tráchtála, cigireacht scrúdaitheoirí leighis do thumadóirí, agus rialúcháin nua a chur i bhfeidhm.
  *Tá rialúcháin nua curtha i bhfeidhm*

- Cigireachtaí na Seirbhísí Sláinte mar chuid de shíor-chomhaontú straitéiseach leis an Boird Shláinte, agus treoirlíntí nua a chur i bhfeidhm.
  *Tá tús curtha ag an Údarás le feidhmiú píolóta an Riar Sabháilteachta, Sláinte agus Leasa Ceirde agus Uirlis Iniúchta nua-fhorbartha don rannóg shláinte i 2004*

- Ceisteanna eirgeanamaíochta agus sícshóisialta.
  *Rinneadh cigireachtaí ceirde maidir le ceisteanna eirgeanamaíochta agus sícshóisialta.*

- Nochtadh do smúit adhmaid chrua a chur faoi smacht.
  *Forbraíodh tionscnaimh chun nochtadh do smúit adhmaid chrua a chur faoi smacht. san ionad oibre, agus comhlíonadh measúnacht bhaoil .*

- Leanfar ar aghaidh leis an gclár traenála i leith úsáid an Lámhleabhar Forfheidhmithe athbhreithnithe.
  *Críochnaíodh an traenáil.*

## FIOSRÚCHÁIN IMOIBRITHEACHA

Déanfar fiosrúchán ar gach bás, agus cuirfear leanúntas leo mar is gá.

- Déanfar gach eachtra neamh–mharfach a fhiosrú mar is cuí. Tabhfar tosaíocht níos airde don eachtra nár tuairiscíodh nó a tuairiscíodh déanach.
  *Rinneadh fiosrúcháin i leith gach timpiste mharfach a tuairiscíodh agus na cinn neamh-mharfacha tromchúiseacha.*
- Déanfar fiosrú nuair is cuí ar ghearáin faoi shábháilteacht agus shláinte san ionad oibre. Tógfar isteach córas nua próiseáil ghearán.
  *Fuarthas timpeall 3,300 gearan i 2004, agus fiosraíodh timpeall 70% díobh.*
- An cleachtas is fearr inár bpróisis chigireachta agus fhorfheidhmithe a bhaint amach.
  *Baineadh seo amach trí mhonatóireacht leanúnach ar chomhlíonadh ag na cruinnithe míosula bainistíochta, agus athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí fhorfheidhmithe chóras Teicneolaíochta Eolais an ÚSS, SAFE.*

### TÁSCAIRÍ COMHLÍONADH FIOSRÚCHÁIN IMOIBRITHEACHA

Déanfar fiosrú ar thimpistí agus ghearáin ard tosaíochta laistigh de fhráma ama orduithe.

*Tá seo déanta*

Gheobhaidh gach cigire machaire traenáil sna próisis nua fhorfheidhmithe agus chigireachta.

*Tharla an traenáil seo.*

Tógadh isteach próiseas nua gearáin.

*Deileáileadh leis an bpróiseas gearáin mar chuid den Aonad Teagmhála Ionad Oibre nua sa ráithe dheireannach 2004. Leanfar ar aghaidh leius an obair seo i 2005.*

# IONCHÚISIMH AGUS GNÍOMHARTHA CÚIRTE

Le trí bliana anuas, tá méadú suntasach sa mhéid ionchúisimh le feiceáil, chomh maith le trialacha sábháilteachta agus sláinte á stiúradh ós comhair breithimh agus giúiré sa Phríomh Chúirt Coiriúil. Leanfaimid leis an obair i 2005 chun próisis fhorfheidhmithe agus fiosrúcháin a athbhreithniú i gcomhair leis an gcleachtas is fearr.

**Cuspóir:** Chun cinntiú go bhfuil fiosrú agus ullmhú comhad déanta go caighdeán ard.

- Tógfar isteach nósanna nua imeachta i leith láimhseáil-fhianaise agus ullmhú comhad.
  *Rinneadh seo i 2004.*
- Cruthóimid struchtú lárnach idirchaidrimh le Seirbhisí Dlí an Stáit chun ár n-ualach ionchúiseamh a riar.
  *Cruthaíodh an struchtúr seo i 2004*
- Déanfaimid athbhreithniú ar agus, nuair is gá, athchóiriú ar ár gcleachtas fhiosrúchán timpistí, ár stiúir ionchúiseamh, chomh maith le ceist chur ar bun Foireann Fhiosruithe a phle.
  *Cuireadh an tAonad Fiosrúithe Speisialta (AFS) i 2004*

## TÁSCAIRÍ COMHLÍONADH FIONCHÚISIMH

Nósanna Imeachta maidir le láimhseáil-fhianaise, agus ullmhú comhad a chur i bhfeidhm.

*Cuireadh i bhfeidhm iad.*

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# SPRIOC 4: MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AR REACHTÚ SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA, CHUN É A DHÉANAMH IONSROICHTE AGUS ÁBHARACH, CHOMH MAITH LE LEAS AN PHOBAIL A CHOSAINT

Rinne an tÚdarás ceangaltais ar leith ina Chlár Oibre do 2004. Seo thíos-luaite na bealaí inar comhlíonadh na gceangaltais úd:

**Cuspóir:** fráma nua-aoiseach oibre do reachtaíocht shábháilteachta agus shláinte a fhorbairt.

**Reachtaíocht AE agus Baile**

- Cabhrú leis an Roinn Fionntar Trádála agus Fostaíochta mar is gá, an Bille um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre a fhorbairt.
  *Thug an tÚdarás comhairle don Roinn Fionntar Trádála agus Fostaíochta mar is gá, an Bille um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre a fhorbairt, a cuireadh os comhair na Dála i mí an Mheithimh 2004, agus a chríochnaigh céim an Choiste Dála roimh an gCoiste Roghnaithe ar Fhiontair agus Gnóthaí Beaga ar an 24ú Samhain 2004.*
- Monatóireacht a dhéanamh ar an mBille nuair atá sé foilsithe, agus pé treoirlíntí a bheidh ag teastáil nuair a bheidh sé achtaithe a fhorbairt agus a chomhordú.
  *Cuireadh tús leis an réamh-obair ach braitheann an tabhairt chun críche ar dul chun cinn achtú an Bhille.*
- Plean feidhmiúithe a fhorbairt a chuirfeadh san áireamh aon chumhacht nua forfheidhmiúithe, nó feidhmiú tráchtála, cumais ghiniúint ioncaim san áireamh a d'fhéadfadh a bheith sa Bhille nua.
  *Réamh-obair tosaithe, ach braitheann an tabhairt chun críche ar dul chun cinn achtú an Bhille.*
- Na cumhachtaí fanta sna Rialúcháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre (Úsáid Ghinearálta) 1993, a athbhreithniú, a dhaingniú agus a athrú mar is gá i gcomhthéacs an Achta nua.
  *Réamh-obair tosaithe, ach braitheann an tabhairt chun críche ar dul chun cinn achtú an Bhille.*
  *Tá dréacht athsholáthar Rialúcháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre (Úsáid Ghinearálta) ullmhaith ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta deartha le bheith ag dul i bhfeidhm leis an Acht nua.*
- Ag iarraidh go mbeidh sé ar chumas An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta treoracha an AE a aistriú go Dlí na hÉireann laistigh den bhfráma ama agus ar an gcaighdeán cuí, na cinn seo a leanas san áireamh:

| Reachtaíocht | Gníomh |
|---|---|
| Treorach 2001/45/EC ar úsáid threalaimh oibre/obair in airde/scafaill. | Dréacht de na Rialúcháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre (Obair go hArd) aighnithe i rith na bliana don Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i gcómhair socraíochta. |
| Treorach 2002/44/EC ar nochtadh oibrithe don mbaol a bhaineann le gníomhairí fisiciúla (crith). | An chéad dréacht de na Rialúcháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre(crith).Rialúcháin ullmhaithe do chomhairleoireacht phoiblí i 2005. |
| Treorach 2003/10/EC den EP agus Comhairle re. Noachtadh oibrithe don mbaol a bhaineann le gníomhairí fisiciúla (torann). | Réamh-obair ar an dréacht déanta. An chéad dréacht le bheith réidh sa Q1 2005. |

*Dréacht Rialúcháin le n-ullmhú i 2005*

| Rialúchán | Gníomh |
|---|---|
| Treorach 2003/18/EC ar chosaint na n-oibrithe ón mbaol a bhaineann le nochtadh aispeiste san ionad oibre, ceadúnú conraitheoirí aispeiste agus daoine eile. | Dréacht rialúcháin le n-ullmhú i 2005. |
| Dréacht Rialúcháin chun an Chéad Treorach do Mhór Bhaol Timpistí a aistriú, go dtí go bhfoilseofar an Treorach nua. | Ullmhaíodh an chéad dréacht de na Rialúcháin na bPobal Eorpacha (Smachtú Mór Bhaol Timpistí a bhainnean le Substaintí Dainséaracha) do chomhairleoireacht phobail, chun Treorach 2003/105/EC de chuid na Pairliminte Eorpaigh agus Comhairle 16ú Nollaig 2003, ag leasú Treoraigh 96/82/EC ar smachtú Mór Bhaol Timpistí a bhainnean le Substaintí Dainséaracha, ata le n-aistriú roimh 1ú Iúil 2005. |
| Dréacht Rialúcháin a bhfuil baint aige le Treorach 67/548/EEC, rangú, pacáistíocht agus lipéadú na Subtaintí Dainséaracha, go dtí go bhfoilseofar an Treorach nua. | Ullmhófar Rialúcháín i 2005 chun Treorach an Coiminisiúin 2004/73/EC den 29ú Aibreán 2004 a aistriú, in oiriúint don dul chun cinn teicniúil don 29ú Treorach Comhairle 67/548/EEC, maidir le rangú, pacáistíocht agus lipéadú na Subtaintí Dainséaracha, agus é a bheith aistrithe faoin 31ú Deireadh an Fhómhair 2005. |

- Dréacht Thuairiscí ar Threoracha AE a chur i bhfeidhm go praicticiúil.
  *Roinnt obair fhorbartha a críochnaíodh i 2004, ar dhréacht thuairiscí ar na Treoracha Láimhseáil Láimhe, Trealamh Scáileáin Thaispeáintis, agus an Treorach ar Thionscail Eachtarghníomhach a thabhairt chun críche agus a chur faoi bhráid an Coimisiúin AE i 2005.*

*Reachtaíocht Eile Baile*

- An reachtaíocht seo a leanas a bhrú ar aghaidh.

| Reachtaíocht | Gníomh |
|---|---|
| Achtanna um Shábháilteacht i dTionscail, 1955 agus 1980 (Ardaitheoirí agus Bealaí Ardaitheoirí) ((Díolúine), 1885 (Leasú) Ordú. | Ag machnamh ar seo i gcomhthéacs na dréacht Rialúcháin Shábháilteachta agus Leas san Ionad Oibre (Obair go hArd) luaite thuas. |
| Rialúcháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre (Mianaigh), na hAisghairmeacha chomhcheangailte, agus Ordú Cúlghairme. | Dréacht Rialúchain agus Ordúithe le bheith ullmhaithe i gcomhair chomhairleoireacht phobail i 2005. |
| Rialúcháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre (Tumadóireacht), (agus Cód Cleachtais comhcheangailte leis). | Ullmhaíodh an chéad dréacht de na Rialúcháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre (Tumadóireacht), (agus dréacht Cód Cleachtais comhcheangailte leis), i 2004, i gcomhair chomhairleoireacht phobail i 2005. |
| Rialúchain Iompar Earraí Dainséaracha ar Bhóthar. | Shínigh an tUasal Frank Fahey, Aire Stáit ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta na Rialúchain Iompar Earraí Dainséaracha ar Bhóthar ar 21ú Eanáir 2004, agus éifeacht ag baint leo ón dáta úd. |

| Reachtaíocht | Gníomh |
|---|---|
| | Cuireadh an dréacht Acht Iompar Earraí Dainséaracha ar Bhóthar 1998 (Ceapúchán na nÚdarás Cumasacha), Rialúcháin Iompar Earraí Dainséaracha ar Bhóthar (Táillí agus Íocaíochtaí Rannóg 18) faoi bhráid an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i rith na bliana i gcomhair réitigh dlithiúil. Tá súil le síniú agus feidhmiú na Rialúchán agus Orduithe go luath i 2005. |
| Dréacht Rialúchain Stáisiún Peitril. | Shínigh an tUasal Tony Killeen, Aire Stáit ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta na Rialúchain Substaintí Dainséaracha (Stóras Miondiola agus Príobháideach Peitril) 2004, (S.I. No. 860 de 2004) ar an 20ú Nollaig 2004, agus éifeacht ag baint leo ón 1ú Eanáir 2005. |
| Rialúcháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre (Cairéil), na hAisghairmeacha chomhcheangailte, agus Ordú Cúlghairme. ( agus Treoirlíntí) | Tá réiteach dlithiúil na ndréacht Rialúchán agus Orduithe fós ar siúil i 2004, agus tá súil le socrú i 2005. |
| Rialúcháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre (Tógáil). | Tá réiteach dlithiúil na ndréacht Rialúchán agus Orduithe fós ar siúil i 2004, agus tá súil le socrú i 2005. |
| | Bhí obair ag dul ar aghaidh i 2004 ar na dréacht Treoirlíntí comhcheangailte ar na dréacht Rialúcháin maidir le Freagrachtaí na ndaoine le cúraimí, an Pobal a chosaint ó Thionscnaimh Thógála, ó Struchtúir Réamhtheilgthe, agus an deáchleachtas is fearr a bheith ann do chustaiméirí. |

## Obair reachtach anuas ar Chlár Oibre 2004

| | |
|---|---|
| • Rialúcháin na bPobal Eorpacha (Trealamh Brú So-ghluaiste) 2004 (S.I. No. 374 de 2004) | Chabhraigh an tÚdarás agus Údarás Caighdeán Náisiúnta na hÉireann leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta na Rialúcháin seo a fhorbairt, a shínigh Mary Harney Uasal, Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ar an 4ú de mhí an Mheithimh 2004, agus bhí éifeacht ag baint leo ón dáta úd. Aistríonn na Rialúcháin (i) Treorach Comhairle 1999/36/EC den 29ú Aibreán 1999 ar threalamh brú so-ghluaiste, (ii) Treorach Comhairle 2001/2/EC 4ú Eanáir 2001 in oiriúint do dul chun cinn teicniúil an Treoraigh Comhairle 1999/36/EC agus (iii) Treorach Comisiúin 2002/50/EC den 6ú mí an Mheithimh 2002 in oiriúint do dul chun cinn teicniúil an Treoraigh Comhairle 1999/36/EC. |

Gheofar a thuilleadh sonraí faoi Rialúcháin sínithe agus curtha i bhfeidhm i rith 2004 in Aguisín B.

## CÓID CHLEACHTAIS AGUS TREOIRLÍNTÍ FORBARTHA I 2004

"Cód Cleachtais chun Dainséar ó Sheirbhísí Faoi Thalamh a Sheachaint" glactha chun eisithe i 2005 ag an mBord (le cead an Aire).

ÚSS/NSAI "Cód Cleachtais – Úsáid Shábháilte Crann Tógála sa Tionscal Tógála (Cuid 1)" curtha i gcrích.

Dréacht "Cód Cleachtais Shábháilteacht do Obair Dhíne" glactha chun eisithe i 2005 ag an mBord ag brath ar chead an Aire.

Caighdeán Éireannach 820:2000 do Shuiteálacha Gáis Neamh-Intíre" mar ata leasuithe ag "Leasú Uimh.1: 2003 den Dearbhú Sonraíocht Chaighdeánach (Suiteálacha Gáis Neamh-Intíre), 2000–I.S. 820:2000" glactha mar chód cleachtais ag an mBord, ag brath ar chead an Aire.

Dréacht "Cód Cleachtais Rialúcháin um Shábháilteacht Shláinte agus Leas san Ionad Oibre (Gníomhairí Ceimiceacha) glactha chun eisithe i 2005 ag an mBord ag brath ar chead an Aire.

*"Gearr Threoir Rialúchán 2001 do Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre (Gníomhairí Ceimiceacha) glactha ag an mBord.*

Treoirleabhrán ar "Ag Teacht ar Eolas ar Bhaol Ceimiceach a Mheas" glactha ag an mBord.

"Treoirlíntí ar Obair le hÁbhair ina bhfuil Stroighn Aispeiste" glactha ag an mBord.

"Treoirleabhar ar Rialúcháin Iompar na nEarraí Dainséaracha ar Bhóthar 2004" glactha ag an mBord.

"Treoir Shábháilte Mórthocailtí" glactha ag an mBord.

## TÁSCAIRE COMHLÍONADH REACHTAÍOCHTA

Treoracha AE a aistriú sa dlí laistigh de frámaí ama socruithe ag an gcaighdeán cáilíochta cuí.

*Baineadh seo amach.*

# SPRIOC 5: ÁR nDAOINE AGUS ÁR N-ACMHAINNÍ A RIAR GO hÉIFEACHTACH AGUS CUMARSÁID AGUS OBAIR FHOIRNE INMHEÁNACH A FHEABHSÚ

Beidh tuinseamh níos fearr  Cláracha 1 go 4 má leanann an tÚdarás le scileanna teicniúla agus bainistíochta a fhoirne a fhorbairt agus a choimeád, agus má chruthaíonn sé leibhéal ard spreagaidh agus sástacht oibre. Chuige sin, tá gá le riar maith acmhainní airgeadais agus teicneolaíocht eolais chun an leas is fearr a bhaint as na h-acmhainní iad atá sách teoranta.

**Cuspóir Rúnaíocht an Bhoird:** Tacaíocht a thabhairt don mBord Údaráis, agus obair na bhFo-Choistí Comhairle agus na bhFo-Choistí Bhoird.

- Na Treoirlíntí ar Chomhlíonadh  leis na hAchtanna Eitice Oifigeacht Phoiblí, 1995 agus 2001.
  *Tá seo comhlíonta.*
- An dea-Chleachtas is fearr i GOVERNANCE Corporáideach an Údaráis a bhur i bhfeidhm.
  *Ghlac an tÚdarás leis na treoirlíntí mar atá siad léirithe ag an gCód Cleachtas ar governance na nEagraíochtaí Stáit.*

## TÁSCAIRE COMHLÍONADH AN BHOIRD

Cód Cleachtas ar Rialú Corporáideach dréachtaithe.
*Tá an cháipéis seo dréachtaithe agus scaipithe ar bhaill an Bhoird.*

Páipéirí agus miontuairiscí an bhoird a ullmhú ar chaighdean cuí agus laistigh de fhráma aontaithe ama.
*Rinneadh seo.*

- Cuspóir Acmhainní Daonna: ár Straitéis Acmhainní Daonna (AD)a chur i bhfeidhm agus na ceisteanna seo thíos san áireamh:
- Na próisis AD a riar agus a chur i bhfeidhm agus a choimeád,  caidrimh thionscalaíochta, traenáil agus forbairt, riar comhlíonaidh, earcaíocht, agus an Duais Fhoirfeacht trí Dhaoine .

  *Lean an Comhairle Chaidrimh Thionscalaíochta ag teacht le chéile gach re mí áit ar pléadh na agus ar aontaíoch leis na próisis bhainistíochta. Coimeádtar atmaisféar socair caidrimh thionscalaíochta, de réir na ngeallúintí ata leagtha amach i "Ag Leanúint  le Dul Chun Cinn."*

  *Cuireadh i bhfeidhm a thuilleadh forbairtí den gCóras Riar Comhlíonaidh agus Forbartha (CRCF), le theacht aiseolais ardaithe sa phróiseas. Fuair an fhoireann go léir traenáil sna scileanna ata ag teastáil chun an tionscnamh a chur i bhfeidhm.*

  *Rinneadh athbhreithniú ar roinnt próiseas AD (earcaíocht/ardú gradaim, insealbhú, straitéis thraenála 7rl.)mar chuid de na ghníomhartha a d'eascair as an Straitéis AD, agus cuirfear i bhfeidhm i 2005 na moltaí agus na feabhsúcháin úd.*
- Ag cur i bhfeidhm an Gníomhphlean Ag Leanúint le Dul Chun Cinn
  *Cuireadh i bhfeidhm go rathúil na gníomhartha AD go léir a d'eascair as "Ag Leanúint le Dul Chun Cinn".*
- Ag cur le agus stiúradh sa phróiseas bainistíochta.

*Cuireadh i bhfeidhm go rathúil athrú suntasasch i roinnt limistéar, airgeadas, tuairisicú timpistí, forfheidhmiú, acmhainní daonna, agus cosc.*

## TÁSCAIRE COMHLÍONADH ACMHAINNÍ DAONNA:

An tseirbhís fheidhmneach AD a sheachadadh go leibhéal aontaithe.
*Curtha in áit - déanfar aontaithe leibhéal seirbhír specificiúla a thuairtisciú i 2005.*

Sór ard foirfeachta a bhaint amach trí mheasúnacht daoine.
*Leanann an tÚdarás air ag feabhsú a scóir sa mheasúnacht Foirfeacht Trí Dhaonna, le 93% baine amach aige i 2004*

Na feabhsúcháin thorthúlachtaí a bhaint amach mar atá sa *Gníomhphlean Ag Leanúint le Dul Chun Cinn*
*Na feabhsúcháin thorthúlachtaí a bhaint amach mar atá sa Gníomhphlean Ag Leanúint le Dul Chun Cinn tríd an Údarás, agus gach tuairisc glactha ag an nGrúpa Deimhnithe Comhlíonta.*

Cláracha traenála á meas ag na foghlaimeoirí.
*Rinne na daoine a fhreastal ar na cúrsaí measúnacht ar na cláracha traenála, agus rinne an tAonad Traenála athbhreithniú freisin. Beidh feabhsúcháin sa bhreis sa phróiseas measúnachta le fáil i 2005.*

**Cuspóir Chláir Riar Athruithe:** An dara bliain den bPlean Corporáideach a chur i bhfeidhm, feabhsúcháin phleannáilte sna próisis ghnó a bhaint amach, agus pleannáil i gcomhair díláirithe. Dea-chleachtas a chur i bhfeidhm in ár bpróisis lárnacha, agus tacaíocht a thabhairt don mbonneagar, go speisialta trí na bealaí bailiúcháin úsáid eolais a fheabhsú, chun díriú níos fearr ar ár spriocanna

*De bharr na gcóras feabhsaithe bailiúcháin eolais, d'éirigh níos fearr linn díriú ar fhostóirí maidir le tuairisciú déanach, agus bulaíocht san ionad oibre*

- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpróisis fheidhmiúithe agus ar ár gcuspa sheachadadh seirbhíse i gcomhthéacs díláruithe pleannáilte.
  *Bunaíodh roinnt tionscnamh feabhsúcháin ar athbhreithniú a rinneadh ar ár bpróisis fhorfheidhmithe.*
- Plean feidhmeach do dílárú a fhorbairt.
  *Rinneadh seo.*

## TÁSCAIRE COMHLÍONADH CLÁR ATHRUITHE.

Forbraíodh plean díláruithe.
*Críochnaíodh tús-phlean feidhmuithe.*

Cuireadh córais i bhfeidhm chun tacú níos fearr le próisis oibre agus chun díriú níos fearr ar láimhseáil na ngearán ach go h-áirithe.
*Feabhsaíodh an díriú mar gur feabhsaíodh na córais bhailiúcháin eolais maidir le timpistí agus cigireachtaí.*

Tionscnaimh Fheabhsúcháin Phróisis Ghnó a chríochnú in am agus laistigh den mbuiséid.
*Cuireadh críoch rathúil le tionscnaimh fheabhsúcháin phróisis ghnó, ICT, Feidhmeacha agus airgeadais in am agus laistigh den mbuiséid*

**Cuspóir Theicneolaíocht agus Cumarsáide (CTC) Objective:** Cinntigh go bhfuil na córais CTC ag tacú le foireann an Údaráis i gcomhlíonadh na gcuspóirí.

- Gnásanna feabhsaithe polasaí slándála agus teicneolaíochta a chur i bhfeidhm.
  *Údaraíodh iniúchadh ar chóras CTC an Údaráis. Rinneadh athbhreithniú ar na gnásanna agus polasaí de réir moltaí an iniúchaidh. Beidh a thuilleadh feabhsúcháin i leith polasaí agus gnásanna i 2005.*
- Feidhmiú an Bhinse chúnta a fheabhsú le córas freagartha ar líne a chur ar bun chun ceisteanna síor-curtha a fhreagairt, agus córas glaoch-aithint a fhorbairt.
  *Bunachar sonraíoch na gceisteanna síor-curtha ullmhaithe. Bogearraí Binse Cúnta a tástáilte agus ceannaithe. Seirbhís ar líne le tosú i 2005.*
- Cur-chuige dea-chleachtais a fhiosrú agus anailís a dhéanamh air i gcomhthéasc ár riachtanas TE.
  *Rinneadh forbairt ar ghnásanna dea-chleachtais shlándála agus bonneagar gréasán socair. Cáipéis SLA forbartha chun seirbhís fhoirfe custaiméirí a shainmhíniú . Beidh gá leis na cáipéisí seo a chomhaontú le rannóga ar leith i 2005.*
- Gnásanna bisiú tubaiste a chur i bhfeidhm. .
  *Rinneadh taighde ar gach rogha bisiúithe tubaiste agus roghnaíodh an réiteach ba oiriúnaí. Cuirfear plean curtha i bhfeidhm le chéile i 2005.*
- Tacaíocht den scoth a chur ar fáil d'úsáideoirí ár gcóras TE.
  *Deileáilíodh le botúin chriticiúla láithreach. Láimhseáileadh leis na glaochanna Bhinse Chúnta taobh istigh den bhframa aontaithe ama.*
- Na córais atá san Údarás a riar agus a choimeád.
  *Monatóireacht réamhghníomhach déanta ar na córais inmheanach uile, crua-earraí, bogearraí agus bonneagar gréasáin. Uasgrádú córais, paistí slándála curtha isteacht nuair ba gha..*

### TÁSCAIRE COMHLÍONADH CTC:

Dréacht Aontú Leibhéal Seirbhíse ullmhaithe. Aontófar seo le h usáideoirí i 2005.
Comhaontaíodh limistéirí ama freagartha agus infhaighteacht sheirbhíse do na córais CTC.

Gnásanna bisiú tubaiste forbartha chun leanúnachas feabhsaithe gnó a chinntiú.
Freastalaithe cúltaca ann do ríomh-phost, Córais Windows domain, Airgeadais agus córais AD

# RIAR AIRGEADAIS

**Cuspóir:** Riar is fearr airgeadais a bheith ann chun an úsáid is fearr agus is éifeachtaí agus is éifeachtúla acmhainní a fháil.

- Seirbhís fheidhmeach airgeadais a sheachadadh go leibhéal aontaithe.
  *Leibhéal aontaithe bainte amach. Coimeádtar taifead míosúil ar na h-eochair sheachadaidh.*
- Géilleadh le tuairisciú airgeadais, agus le riachtanais riar baoil.
  *Tá na riachtanais thuairisciúithe airgeadais comhlíonta le tuairiscí eochair-eolais airgeadais ag dul go rialta chuig na daoine a bhfuil suim acu ann, inmheanacha agus seachtracha.*

- Dréacht Cuntaisí Blianitiúla do 2003 a chríochnú roimh dheireadh Márta.
  *Críochnaíodh na Dréacht Cuntaisí Blianitiúla do 2003 a roimh dheireadh Márta. Iniúchadh na ráitis airgeadais, agus ghlac an Oifig Iniúchóra agus Ard Reachtaire Ginearálta leo.*
- Aistriú leictreach airgid a chur i bhfeidhm do bhaill fhoirne dá dtaisteal oibre agus costaisí maireachtála.
  *Cuireadh an t- aistriú leictreach airgid i bhfeidhm do bhaill fhoirne dá dtaisteal oibre agus costaisí maireachtála, ag úsáid an chainéil nua íocaíochta seo. Cuirfear leis seo i 2005, nuair a phróiseáilfear éilimh ar líne.*
- Cinntiú go bhfuil ard caighdeán oifige agus seirbhísí ar fáil.
  *Tá clar leanúnach feabhsúcháin ag dul ar aghaidh chun cinntiú go bhfuil an caighdeán is airde oifige agus seirbhísí ar fáil..*
- Na córais is fearr eolais ar riar airgeadais agus tuairisciú a sheachadadh chun cinntiú go bhfuil an bealach is fearr leithdháileadh acmhainní agus sábháil costais i gceist.
  *Bíonn an tÚdarás de shíor ag iarraidh na córais is fearr eolais ar riar airgeadais agus tuairisciú a sheachadadh trí dúshláin atá acu a shárú ar modh proifisiúnta réamhghníomhach ag úsáid acmhainní ata ann agus teicneolaíochtaí nua. Tuigeann an tÚdarás i gcónaí go bhfuil gá ann na h-acmhainní a leithdháileadh go h-éifeachtach, agus pé cumas sábhala costais atá ann a úsáid.*

## TÁSCAIRÍ COMHLÍONADH AIRGEADAIS

Tuairiscí sásúla airgeadais

*Rinneadh trí iniúchadh inmheánach neamhspleách eile i 2004. Bhíodar sásúil i ngach uile gné, agus glacadh láithreach le pé moltaí a rinne na h-iniúchóirí sna gnásanna feidhmeacha agus comhghnásanna.*

Aontaithe leibhéal seirbhíse curtha i bhfeidhm le príomh-úsáideoirí.

*Tá Aontaithe leibhéal seirbhíse curtha i bhfeidhm, agus tuairiscí airgeadais curtha ar fáil do na h-úsáideoirí go léir laistigh den bhfráma ama aontaithe.*

Go mbeidh casadh-amach buiséid móide nó lúide 3% den sprioc.

*Rinneadh seo.*

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# 3. AIRGEADAIS

## RÁITEAS SMACHTÚ AIRDEAGAIS INMHEÁNACH DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2004

Thar cheann Bhord Stiúrthóirí an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, aithním an fhreagracht atá orainn féachaint go bhfuil córas éifeachtach inmheánach smachtú airgeadais á choimeád agus á riar ag an Údarás. Oibríonn an córas chun chinntiú sa mhéid gur féidir, go bhfuil sócmhainní á gcosaint, na h-idirbhearta údaraithe le taifead, agus go seachnófaí botúin nó mí-chruinneas, nó, mar tharlaíonn said, go n-deileofar leo go luath.

*Príomh-Ghnásanna Smachtaithe*
Is ar na bealaí seo a leanas chintíonn an Bord go bhfuil timpeallacht cuí rialaithe i bhfeidhm:

- Cumhachtaí agus cúramaí bainistíochta a shoiléiriú ;
- Gnásann foirmeálta a bhunú chun tuairisciú a dhéanamh ar theipeanna suntasacha tuairiscuithe, agus bealaí ceartaithe a chur isteach nuair is gá.
- Gnásanna a chosnóidh sócmhainní an Údaráis, agus a dhéanfaidh monatóireacht ar ghníomhaíochtaí a bhunú go foirmeálta ;
- Cultúr cuntasaíochta a fhorbairt thar gach leibhéal san Údarás.

Tá próisis seo thíos bunaithe ag an Údarás chun baol a aithint agus a mheas:

- An baol airgeadais agus na h-impleachtaí a bheadh ag baint leis don Údarás a aithint agus a mheas
- An dealramh atá ann go dtitfidh baol aitheanta amach;
- Cumas an Údaráis na baol ata ann a riar agus a mhaolú.
- Ag oibriú leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí eile chun cintiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann ar spriocanna an Údarás Sláinte agus Sábhailteachta , agus go bhfuil lán-tacaíocht á fáil dona straitéisí a bhainfidh na spriocanna seo amach.

Tá an córas inmheánach rialú airgeadais bunaithe ar fráma rialta riar eolais, gnásanna riaracháin le scagadh diúitéithe agus córas toscaireachta agus cuntasachta san áireamh. Seo roinnt díobh:

- Córas cuimsitheach buiséid le buiséad bliantúil a ghlacann an Bord leis;
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Stiúrthoirí ar na tuairscí airgeadais thréimhseach agus bhliantúil a bhíonn ag tuar feidhmíochta i gcomhthéacs a bhfuil tuartha;
- Spriocanna a leagadh síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a mheas;
- Treoirlíntí ceannaíochta agus formheasa a shainmhíniú;
- Smachta foirmeálta riar tionscnamh

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

Tá feidhm inmheánach iniúchaidh ag an Údarás. Oibríónn an feidhm de réir Fráma Chód an Deá-Chleachtais mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais ar Rialú na gComhlachtaí Stáit, agus tuairiscíonn sé chuig Coiste Iniúchaidhhe an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Bíonn obair an Iniúchaidh bunaithe ar an anailís atá déanta ar an mbaol faoina dtagann an corp, agus tá na pleanna iniúchaidh bhliantúla bunaithe ar an anailís seo. Formhuiníonn an Coiste Iniúchaidh na pleananna inmheánacha iniúchaidh agus an mheasúnacht bhaoil. Tugann an tIniúchóir Inmheánach tuairisc ar ghníomhaíocht iniúchaidh inmheánach don gCoiste Iniúchaidh ar a laghad uair sa bhliain. Nochtann sé a thuairim sa tuairisc seo ar éifeacht agus leordhothaineacht an chóras inmheánach rialú airgeadais.

Is í obair an Iniúchóra Inmheánaigh, chomh maith le obair an Choiste Iniúchaidh a fhaireann air, agus obair na bainistíochta laistigh den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, agus an méid a deir an Reachtaire agus an tIniúchóir Ginearálta i litir bhainistíochta, bunús mhonatóireacht agus athbhreithnithe an Bhoird ar éifeacht an chóras inmheánach rialú airgeadais.

## ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL NA SMACHTA

Déanann an Coiste Iniúchaidh Údaráis athbhreithniú ar a éifeachtaí is atá na córais smachtaithe airgeadais inmheánacha, agus téann tuairisc fhoirmeálta chuig an mBord. Déanann an Bord féin i gcomhairle leis na iniúchóirí inmheánacha athbhreithnithe rialta ar a smachta airgeadais trí ag gCoiste Imiúchaidh. .

Chomh fada len ár n-eolas, ní raibh cáilliúint ar bith don Údarás, de bharr feidhmiú an chórais smachtaithe airgeadais le linn 2004.

Os rud é go bhfuil an Bord sásta leis an gcóras smachtaithe mar atá sé, is ar éigean go ndéanfaí athruithe móra i 2005, seachas córais theicniúla nua a thabhairt isteach mar atá i gceist leis an gcóras leictreach íocaíochta taistil agus maireachtála do bhaill fhoirne a bhíonn as an oifig, a chuirfidh le h-éifeacht agus cruinneas an chórais atá cheana féin ann.

Thar cheann an Bhoird,

**Jim Lyons**
**Cathaoirleach**

Feabhra 2005


# RÁITEAS AIRGEADAIS 2004

Is mar seo a leanas a bhristear síos Ioncam agus Caiteachas an Údaráis do 2004:

| | € 000 | |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Deontas Bliantúil | 14384 | *(Nóta 1)* |
| Ioncam Eile | 1473 | |
| Ioncam Iomlánn | 15857 | |
| **Caiteachas** | (15787) | *(Nóta 1)* |
| **Barrachas/(Easnamh)** | 70 | *(Nóta 2)* |

**Nóta 1:** Tá na h-uimhreacha seo thuas d' ioncam agus do chaiteachas bunaithe ar fhíor shuimeanna airgid thirim a fuarthas agus a caitheadh sa bhliain dár críoch 2004.

**Nóta 2:** Is ionann an easaontas €18k agus an caiteachas iomlán a thagann laistigh de 0.1% an bhuiséid bhliantúil .



# AGÚISÍN A:
# CIGIREACHT AGUS FEIDHMIÚ

**Tábla A1.1 Cigireachtaí agus Gníomhartha forfheidhmiúithe ÚSS 2004**

| Rannóg Eacnamíoch | Méid Chigireachta | Méid Fhógraí Seirbheáilte 2004 | | | % Cigireachtaí ar eascair feidhmiúithe astu |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Fógraí Toirmisc | Fógraí Feabhais | Treoir Fheabhais | |
| A – Talamhaíocht, fiach, agus foraoiseacht | 995 | 46 | 73 | 0 | 12% |
| B – Iascaireacht | 4 | 0 | 0 | 0 | 0% |
| C – Mianadóireacht agus Cairéalacht | 521 | 32 | 49 | 0 | 16% |
| D – Déantóireacht | 1,871 | 36 | 138 | 2 | 9% |
| E – Leictreachas/gás/uisce | 56 | 0 | 2 | 1 | 4% |
| F – Tógáil | 5,048 | 423 | 169 | 3 | 12% |
| G – Mór-dhíol/Mion-díol trádáil; Deisiú feithclí, earraí pearsanta agus tí | 699 | 7 | 56 | 0 | 9% |
| H – Óstáin/Bialanna | 100 | 0 | 2 | 0 | 2% |
| I – Iompar, Stóráil, cumarsáid | 988 | 4 | 27 | 1 | 3% |
| J – Idirmheánachas airgeadais | 15 | 0 | 0 | 0 | 0% |
| K – Éastát Réadach, Cúrsaí cíosa, Gnó | 366 | 4 | 12 | 0 | 4% |
| L – Riarachán Poblí/Cosaint | 238 | 0 | 10 | 00 | 4% |
| M – Oldeachas | 86 | 1 | 6 | 0 | 8% |
| N – Sláinte/Obair Shóisialta | 133 | 0 | 10 | 0 | 8% |
| O – Pobal/Sóisialta/Seirbhísí Pearsanta | 260 | 5 | 19 | 0 | 9% |
| P – Teaghlaigh phríobháideacha le fostaithe | 2 | 0 | 0 | 0 | 0% |
| **Iomláin** | **11,382** | **558** | **573** | **7** | **9%** |

**Tábla A1.2 Cineálacha & Rannóga Cigireachta ÚSS 2004**

| Rannóg Eacnamíoch | Méid Fhógraí Seirbheáilte 2004 | | | | | Méid Cigireachtaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Géilleadh | Fiosrú Gortuithe | Fiosrú Gearáin | Cuairt Leanúna- | Eile | |
| A – Talamhaíocht, fiach, agus foraoiseacht | 754 | 32 | 24 | 171 | 14 | 995 |
| B – Iascaireacht | 2 | 1 | 1 | 0 | 0 | 4 |
| C – Mianadóireacht agus Cairéalacht | 386 | 13 | 24 | 59 | 39 | 521 |
| D – Déantóireacht | 1,079 | 224 | 174 | 230 | 164 | 1,871 |
| E – Leictreachas/gás/uisce | 32 | 8 | 3 | 2 | 11 | 56 |
| F – Tógáil | 2,951 | 433 | 1,004 | 506 | 154 | 5,048 |
| G – Mór-dhíol/Mion-díol trádáil; Deisiú feithclí, earraí pearsanta agus tí | 361 | 50 | 157 | 89 | 42 | 699 |
| H – Óstáin/Bialanna | 30 | 2 | 40 | 24 | 4 | 100 |
| I – Iompar, Stóráil, cumarsáid | 821 | 45 | 91 | 21 | 10 | 988 |
| J – Idirmheánachas airgeadais | 6 | 3 | 5 | 1 | 0 | 15 |
| K – Éastát Réadach, Cúrsaí cíosa, Gnó | 208 | 26 | 48 | 30 | 54 | 366 |
| L – Riarachán Poblí/Cosaint | 133 | 24 | 43 | 10 | 28 | 238 |
| M – Oldeachas | 22 | 16 | 23 | 8 | 6 | 86 |
| N – Sláinte/Obair Shóisialta | 55 | 12 | 46 | 9 | 11 | 133 |
| O – Pobal/Sóisialta/Seirbhísí Pearsanta | 116 | 27 | 81 | 20 | 16 | 260 |
| P – Teaghlaigh phríobháideacha le fostaithe | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| **Iomláin** | **6,956** | **918** | **1,764** | **1,180** | **553** | **11,382** |

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

# RIAR SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Tugann Cigirí an Údaráis tús áite do riar sláinte agus sábháilteachta le linn a gcigireachtaí. Go h-iondúil, iarann na Cigirí Ráitis Shábháilteachta a fheiceáil, agus déanann siad measúnacht thapaidh ar an gcaoi a bhfuil an Ráiteas, dar leo, bunaithe ar mheasúnacht bhaol scríofa; ar an gcaoi a aithníonn sé baol, daoine freagracha, acmhainní agus an comh-oibriú a bhíonn ag teastáil.

Bíonn cuid dena Cuairteanna Údaráis ag díriú ar rannóga agus eagraíochta ar leith mar go bhfuarthas gearáin nó nach bhfuil an fheidhmiú sláinte agus sábháilteachta sách maith. Ní gá go léiríonn na táblaí thíos mar atá in eagraíochta eile. Bhí Ráiteas sábháilteachta ag 67% dena fostóirí a rinneadh cigireacht orthu i 2004, agus bhí 64% díobh siúd ag géilleadh do riachtanais dhlithiúla.


**Tábla A 1.3 Céatadán Fostóirí a rinneadh cigireacht orthu a raibh Ráitis Shábháilteachta acu ÚSS 2004**

| Economic Sector | Percentage of Employers Inspected who had Safety Statements |
|---|---|
| A – Talamhaíocht, fiach, agus foraoiseacht | 28.9% |
| B – Iascaireacht | 60.0% |
| C – Mianadóireacht agus Cairéalacht | 78.3% |
| D – Déantóireacht | 76.0% |
| E – Leictreachas/gás/uisce | 74.6% |
| F – Tógáil | 71.2% |
| G – Mór-dhíol/Mion-díol trádáil; Deisiú feithclí, earraí pearsanta agus tí | 56.6% |
| H – Óstáin/Bialanna | 60.2% |
| I – Iompar, Stóráil, cumarsáid | 68.3% |
| J – Idirghabháil airgeadais | 47.4% |
| K – Éastát Réadach, Cúrsaí cíosa, Gnó | 45.4% |
| L – Riarachán Poblí/Cosaint | 76.9% |
| M – Oideachas | 79.1% |
| N – Sláinte/Obair Shóisialta | 79.7% |
| O – Pobal/Sóisialta/Seirbhísí Pearsanta | 63.3% |
| P – Teaghlaigh phríobháideacha le daoine fostaithe | 0.0% |
| **Iomláin** | **66.6%** |

**Tábla A1.4 Ráitis Shábháilteachta a mheas Cigirí – géilleadh le riachtanais dhlithiúla –ÚSS 2004**

| | Céatadán Géillidh | | |
|---|---|---|---|
| Méid Fostaithe | Lán-Ghéilleadh/Géilleadh Ginearálta | Roinnt Ghéilleadh | Fíor-Bheagán Géilleadh |
| 1-9 | 61% | 36% | 3% |
| 10-49 | 65% | 30% | 5% |
| 50-99 | 63% | 32% | 5% |
| 100+ | 75% | 24% | 1% |
| **Meán** | **64%** | **32%** | **4%** |


**Cairt A1: Cigireachtaí faoi mhéid fostaithe san ionad oibre (ÚSS.) 2004**




| # Fostaithe | 1 - 9 | 10 - 49 | 50 - 99 | 100 - 499 | 500 - 999 | >999 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cigearachtaí | 6,363 | 3,335 | 569 | 675 | 93 | 35 |

Líon fostaithe san Ionad Oibre

**Cairt A2: Céatadán Cigireachtaí ar a rinneadh Feidhmiú, faoi Mhéid a fhostaítear (ÚSS)**




Líon fostaithe san Ionad Oibre

# AGÚISÍN B: RIALÚCHÁIN NUA A RINNEADH I 2004

### Rialúcháin Iompar Earaí Dainséaracha ar Bhóthar 2004 (S.I. No.29 of 2004)

Shínigh an tUasal Frank Fahey, Aire Stáit ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ar an 21ú Eanáir 2004, agus éifeacht láithreach orthu.

Baineann na Rialúcháin seo le h-iompar i dteainceanna, ar an mór-chóir agus i bpacáistí, earraí dainséaracha ar bhóthar, pacáistiú, lódáil agus dí-lódáil na n-earraí dainséaracha san áireamh. Feidhmíonn siad na cuntair a bhfuil teacht orthu sna hAgúisíní a bhaineann leis an "Comhaontú Eorpach maidir le hIompar na nEarraí Dainséaracha ar Bhóthar" (ADR 2003)

Gearann na Rialúcháin cúraimí ar na páirtíthe a bhfuil baint acu le hearraí dainséaracha a iompar ar bhóthar. Tá riachtanaisí ar leith iontu do na feithclí, teainceanna, coimeádain teainceanna, soithigh agus pacáistí ina bhfuil na h-earraí dainséaracha le linn a n-aistear. Teastaíonn uathu go mbeidh traenáil cheart theastaíthe ag na tiománaithe agus acu siúd a bhíonn ag lódáil, pacáistiúm líonadh, taisteal, agus dílódáil na n-earraí. Tá cuntair sna Rialúcháin freisin ar mhodhanna comhréitithe ar chigireachtaí bóthair atá riachtanach do fhormheidhmiú.

Aistríonn nó ath-aistríonn na Rialúcháin seo a leanas na Rialúcháin Iompar Earraí Dainséaracha ar Bhóthar 2001 (S.I. No. 492 de 2001) :

- Treorach Comhairle 94/55 den 21ú Samhain 1994, ar Iompar Earraí Dainséarach ar Bhóthar , mar atá leasuithe ag Cinneadh Coimisiúin 7ú Samhain 2002.
- Treorach Comhairle 95/50 den 6ú Dheireadh Fómhair 1995, ar ghnásanna cothroma cigireachta ar earraí dainséaracha a iompar ar bhóthar.
- Treorach 2001/26 na Parlaiminte Eorpaigh agus an Chomhairle 7ú Bealtaine 2001, ag leasú Treoraigh 95/50.
- Treorach 2000/61 na Parlaiminte Eorpaigh agus an Chomhairle 7ú Bealtaine 2001, ag leasú Treoraigh 94/55, agus
- Treorach Coimisiúin 2003/28 de 7ú Aibreán 2003, a chuir in oiriúint ( an 4ú oiriúnú) Treorach 94/55 do dul chun cinn teicniúil.

### Rialúcháin na gComhphobal Eorpacha (Rangú, Pacáistíocht, agus Lipéadú na nUllmhúcháin Dhainséaracha) 2004 (S.I. No. 62 de 2004)

Shínigh an Mary Harney, Uasal, Aire Fiontair, Trádala agus Fostaíochta, na Rialúcháin seo ar an 19ú Feabhra 2004, agus iad éifeachtach ón lá úd. Aistríonn na Rialúcháin Treorach 1999/45 an Parlaiminte Eorpaigh agus an Chomhairle 31ú Bealtaine ar Rangú, Pacáistíocht, agus Lipéadú na nUllmhúcháin Dhainséaracha atá ar mhargadh an CE (Comhphobal Eorpach). Tá an Treorach in áit an Treoraigh Comhairle 88/379. Aistríonn na Rialúcháin seo an chéad oiriúnú do dul chun cinn teicniúil (ODT) an Treoraigh 1999/45-Treorach Cominisiúin 2001/60 den 7ú Lunasa 2001.

